TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
COLLINS
arna tabhairt an 15 Nollaig 2022[1]

**Cásanna Uamtha C-615/20 agus C-671/20**

**Prokuratura Okręgowa w Warszawie**
**v**
**YP agus páirtithe eile (C-615/20),**
**M.M. (C-671/20)**

(Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Vársá, an Pholainn))

(Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Neamhspleáchas na mbreithiúna – Údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh breitheamh agus feidhmeanna an bhreithimh sin a chur ar fionraí ag an Izba Dyscyplinarna (Dlísheomra Araíonachta) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) – Cúirteanna náisiúnta a bhfuil toirmeasc orthu scrúdú a dhéanamh ar dhlisteanacht cúirteanna agus binsí nó measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht breithiúna a cheapadh agus cumhachtaí breithiúnacha a eascraíonn as ceapachán den sórt sin – Tosaíocht dhlí an Aontais – Dualgas an chomhair dhílis – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus údarás *res judicata*)

Clár


I. Réamhrá . . . 2

II. An dlí lena mbaineann - Dlí na Polainne . . . 3

A. An Bunreacht . . . 3

B. An Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach . . . 4

C. An Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna . . . 4

D. An Dlí maidir le KRS . . . 6


[1] Bunteanga: an Béarla.

E. An Cód um Nós Imeachta Coiriúil . . . . . . . . . . 7

III. Na fíorais sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú . . . . 7

A. Cás C-615/20 . . . . . . . . . . 7

B. Cás C-671/20 . . . . . . . . . . 13

IV. An nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais . . . . . . . . . . 16

V. Measúnú . . . . . . . . . . 16

A. Inghlacthacht . . . . . . . . . . 16

B. Substaint an cháis . . . . . . . . . . 18

1. Réamhbharúlacha . . . . . . . . . . 18

2. An chéad, an dara agus an tríú ceist i gCás C-615/20 . . . . . . . . . . 19

3. An dara ceist i gCás C-671/20 . . . . . . . . . . 24

4. An ceathrú ceist i gCás C-615/20 agus an chéad, an tríú agus an ceathrú ceist i gCás C-671/20 . . . . . . . . . . 27

VI. Conclúid . . . . . . . . . . 30

## I. Réamhrá

1. Leis na hiarrataí sin ar réamhrialú, ardaítear saincheisteanna arís maidir le comhoiriúnacht le dlí an Aontais maidir le gnéithe áirithe den athchóiriú a rinneadh le déanaí ar chóras breithiúnach na Polainne. Baineann siad le húdaruithe arna ndeonú ag an Izba Dyscyplinarna (an Dlísheomra Araíonachta) de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn)[2] chun breitheamh a ionchúiseamh agus a chur ar fionraí as oifig, rud a chuireann cosc ar an mbreitheamh sin rialú a thabhairt ar chásanna coiriúla áirithe ar sannadh dóibh é nó í. Chun na críche sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur[3] ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,[4] agus prionsabail thosaíochta dhlí an Aontais, an chomhair dhílis[5] agus na deimhneachta dlíthiúla. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais, de réir dhlí an Aontais, nach bhféadfadh an Dlísheomra Araíonachta na húdaruithe sin a dheonú go dleathach, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach cad iad na hiarmhairtí a bhaineann leis an gconclúid sin ar chomhdhéanamh na cúirte ar tugadh na himeachtaí coiriúla os a comhair.

2 'Dlísheomra Araíonachta' anseo feasta.

3 Atá mar an gcéanna leis an gcúirt a rinne an tarchur i gCásanna C-615/20 agus C-671/20 ach atá ag suí i bhfoirmithe difriúla.

4 'An Cháirt' anseo feasta.

5 Dá dtagraítear in Airteagal 4(3) CAE.

## II. An dlí lena mbaineann - Dlí na Polainne

### *A. An Bunreacht*

2. Le hAirteagal 45(1) de Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne):

'Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil, gan moill mhíchuí, ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta a bhfuil dlínse aige.'

3. Foráiltear le hAirteagal 144(2) agus (3) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne:

'2. D'fhonn a bheith bailí, ní mór do ghníomhartha oifigiúla Uachtarán na Poblachta a bheith comhshínithe ag Cathaoirleach Chomhairle na nAirí, a ghlacfaidh, leis sin, go bhfuil sé freagrach don Sejm [(Seomra Íochtarach de Pharlaimint na Polainne)].

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 2 sna cásanna seo a leanas:

…

(17) ceapachán breithiúna;

…'

4. Tá Airteagal 179 de Bhunreacht Phoblacht na Polainne sna téarmaí seo a leanas:

'Ceapfaidh Uachtarán na Poblachta na breithiúna ar feadh tréimhse neamhchinntithe ar thogra [ón Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn; "KRS").'

5. De réir Airteagal 180(1) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne, tá na breithiúna do-aistrithe.

6. Leagtar amach in Airteagal 181 de Bhunreacht Phoblacht na Polainne:

'Ní fhéadfar breitheamh a chur faoi dhliteanas coiriúil nó saoirse a bhaint de nó di gan toiliú roimh ré ó chúirt arna cinneadh le dlí. Ní fhéadfar breitheamh a choinneáil nó a ghabháil, seachas i gcás gabhála agus é nó í páirteach i ndéanamh ciona más rud é go bhfuil a coinneáil nó a choinneáil riachtanach chun iompar cuí na n-imeachtaí a áirithiú. Cuirfear an choinneáil in iúl láithreach d'uachtarán na cúirte a bhfuil dlínse chríche aici agus féadfaidh an t-uachtarán sin a ordú go scaoilfear saor láithreach an duine atá á choinneáil nó á coinneáil.'

7. Foráiltear le hAirteagal 187 de Bhunreacht Phoblacht na Polainne:

'1. Tá [KRS] comhdhéanta mar a leanas:

(1) an Chéad Uachtarán ar an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], an tAire Dlí agus Cirt, Uachtarán ar an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Riaracháin Uachtarach)] agus duine aonair arna cheapadh ag Uachtarán na Poblachta,

(2) 15 bhreitheamh arna roghnú as measc na mbreithiúna den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], na ngnáthchúirteanna, na gcúirteanna riaracháin agus na gcúirteanna míleata,

(3) Ceathrar comhaltaí arna roghnú ag an [Sejm (Teach íochtarach na Parlaiminte, an Pholainn)] as measc na bhfeisirí agus beirt chomhaltaí arna roghnú ag an [Senat (Seanad na Parlaiminte, an Pholainn)] as measc na seanadóirí.

…

3. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí arna roghnú ag [KRS].

4. Sonrófar le reacht an struchtúir eagrúcháin, an réimse gníomhaíochta agus modh oibre [KRS] mar aon leis an modh ina roghnófar a chomhaltaí.'

8. Leagtar amach in Airteagal 190(1) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne:

'Tá cinntí an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn)] ina gceangal ar bhonn *erga omnes* agus tá siad críochnaitheach.'

### *B. An Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach*

9. Foráiltear le hAirteagal 27(1) den ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. 2018, mír 5) arna leasú leis an ustawa o zmianie ustawy –Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 20 Nollaig 2019 (Dz. U. 2020, mír 190) (an 'Dlí Leasaitheach') (an 'Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach') mar a leanas:

'Beidh na cásanna seo a leanas faoi dhlínse an Dlísheomra Araíonachta:

…

(1a) cásanna a bhaineann le húdarú imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna, breithiúna faoi oiliúint, ionchúisitheoirí agus ionchúisitheoirí comhlacha nó iad a chur faoi choinneáil shealadach.

…'

### *C. An Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna*

10. Foráiltear le hAirteagal 41b den ustawa – Prawo o ustroju sądów powszechnych (an Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna) an 27 Iúil 2001 (Dz. U. 2001, Uimh. 98, mír 1070) mar a leanas:

'1. Is é uachtarán na cúirte a bheidh ina údarás inniúil chun gearán nó iarraidh a bhaineann le gníomhaíocht chúirte a scrúdú.

...

3. Is é an t-údarás atá inniúil chun scrúdú a dhéanamh ar ghearán a bhaineann le gníomhaíocht uachtarán de sąd rejonowy (Cúirt Dúiche), uachtarán de sąd okręgowy (Cúirt Réigiúnach) nó

uachtarán de sąd apelacyjny (Cúirt Achomhairc), faoi seach, uachtarán de sąd okręgowy (Cúirt Réigiúnach), uachtarán an sąd apelacyjny (Cúirt Achomhairc) agus [KRS].'

11. Seo a leanas foclaíocht Airteagal 42a den Dlí sin, arna leasú ag an Dlí Leasaitheach (an 'Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna'):

'1. I gcomhthéacs ghníomhaíochtaí na gcúirteanna nó orgáin na gcúirteanna, ní bheidh sé incheadaithe dlisteanacht na mbinsí agus na gcúirteanna, orgáin bhunreachtúla an Stáit nó na n-orgán atá freagrach as an dlí a athbhreithniú agus a chosaint a thabhairt faoi cheist.

2. Ní féidir le gnáthchúirt nó le húdarás eile dlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó na cumhachta chun gníomhú dá dhualgais bhreithiúnacha a eascraíonn as an gceapachán sin a chinneadh nó a mheasúnú.'

12. I gcomhréir le hAirteagal 47a(1) den Dlí sin, déanfar cásanna a shannadh go randamach do bhreithiúna agus do bhreithiúna faoi oiliúint. Faoi Airteagal 47b(1) den Dlí sin, ní fhéadfar athrú a dhéanamh ar chomhdhéanamh cúirte ach amháin i gcás ina bhfuil sé dodhéanta don chúirt sin an cás a scrúdú ina comhdhéanamh reatha nó i gcás ina bhfuil constaic bhuan ar scrúdú an cháis ag an gcúirt sin ina comhdhéanamh reatha. Ina leithéid de chás, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 47a maidir le hathshannadh an cháis. Sonraítear in Airteagal 47b(3) den dlí sin gurb é Uachtarán na cúirte sin nó breitheamh atá údaraithe aige nó aici a dhéanfaidh an cinneadh chun comhdhéanamh cúirte a athrú.

13. Foráiltear le hAirteagal 80 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna:

'1. Ní fhéadfar breithiúna a ghabháil nó a bheith faoi réir imeachtaí coiriúla ach amháin le húdarú ón gcúirt araíonachta a bhfuil dlínse aici. Ní bhaineann an fhoráil seo le gabháil *in flagrante delicto*, más rud é go bhfuil an ghabháil sin riachtanach chun iompar cuí na n-imeachtaí a áirithiú. Ní fhéadfar ach bearta práinneacha a chur i gcrích go dtí go nglacfar cinneadh lena n-údaraítear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithimh.

…

2c. Glacfaidh an chúirt araíonachta cinneadh lena n-údarófar imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithimh má tá bunús leordhóthanach leis na hamhrais ina choinne nó ina coinne. Tabharfar rialú sa chinneadh ar an údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne an bhreithimh agus luafar ann na cúiseanna is bun leis.

2d. Déanfaidh an chúirt araíonachta scrúdú ar an iarratas ar údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithimh a údarú laistigh de 14 lá tar éis é a fháil.'

14. Faoi Airteagal 107(1) den Dlí sin:

'Beidh breitheamh cuntasach, ar leibhéal araíonachta, as sárú oibleagáidí gairmiúla (lochtanna araíonachta), lena n-áirítear sna cásanna seo a leanas:

…

(3) gníomhartha a chaitheann amhras ar chaidreamh fostaíochta breithimh, éifeachtacht cheapadh breithimh nó ar dhlisteanacht orgán bunreachtúil Phoblacht na Polainne;

…'

15. Mar a leagtar amach in Airteagal 110(2a) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna:

'Beidh dlínse ag an gcúirt araíonachta sa chríoch a ghníomhaíonn an breitheamh dá dhualgais nó dá dualgais a bhfuil bainteach le himeachtaí na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 37(5) agus i bpointe 3 d'Airteagal 75(2) a éisteacht agus a chinneadh. Maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 80 agus Airteagal 106zd, beidh an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)] mar chúirt inniúil, ag an gcéad chéim, ag suí mar bhreitheamh aonair den Dlísheomra Araíonachta agus, ag an dara céim, an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)] ag suí mar chomhdhéanamh de thriúr breithiúna den Dlísheomra Araíonachta.'

16. Sonraítear le hAirteagal 129 den Dlí sin:

'1. Féadfaidh an chúirt araíonachta breitheamh ar tionscnaíodh imeachtaí araíonachta nó imeachtaí éagumais ina choinne nó ina coinne a chur ar fionraí agus féadfaidh sí é sin a dhéanamh freisin má ghlacann sí rún lena gceadaítear an breitheamh a chur faoi dhliteanas coiriúil.

2. Má ghlacann an chúirt araíonachta rún lena gceadaítear an breitheamh a chur faoi dhliteanas coiriúil i leith cóire d'aon ghnó arna ionchúiseamh trí dhíotáil phoiblí, féadfaidh sí an breitheamh a chur ar fionraí go huathoibríoch óna dhualgais nó óna dualgais.

3. Déanfaidh an chúirt araíonachta, nuair atá breitheamh á fhionraí óna dhualgais nó óna dualgais, méid a luach saothair a laghdú idir 25 % agus 50 % ar feadh ré na fionraíochta sin; ní bhaineann sé seo le daoine ar tionscnaíodh imeachtaí éagumais ina leith.

3a. Má ghlacann an chúirt araíonachta rún lena gceadaítear breitheamh scortha a chur faoi dhliteanas coiriúil i leith cóire d'aon ghnó arna ionchúiseamh trí dhíotáil phoiblí, déanfaidh sí méid a luach saothair a laghdú idir 25 % agus 50 % ar feadh na n-imeachtaí fionraíochta.

4. Má díbheadh imeachtaí araíonachta nó má éigiontaíodh leo, íocfar cúiteamh go hiomlán i leith chomhpháirteanna uile an luacha saothair nó na ndíolaíochtaí.'

### *D. An Dlí maidir le KRS*

17. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 9a den ustawa o Krajowej Radzie Sądownictwa (Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna) an 12 Bealtaine 2011 (Dz. U. 2011, Uimh. 126, mír 714), arna leasú ag an ustawa o zmianie ustawy o Krajowej Radzie Sądownictwa oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile) an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. 2018, mír 3) (an 'Dlí maidir le KRS'):

'1. Toghfaidh an Sejm (Teach íochtarach Pharlaimint na Polainne), as measc bhreithiúna an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], na ngnáthchúirteanna, na gcúirteanna riaracháin agus na gcúirteanna míleata, 15 chomhalta [de KRS] le haghaidh comhthéarma oifige ceithre bliana.

2. Sa toghchán dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Teach Íochtarach san áireamh, a mhéid is féidir, an gá atá le hionadaíocht laistigh de [KRS] do chineálacha agus leibhéil éagsúla na gcúirteanna.

3. Tosóidh téarma comhchoiteann na gcomhaltaí nua de [KRS] a thoghfar as measc na mbreithiúna an lá tar éis a dtoghcháin. Feidhmeoidh comhaltaí [KRS] atá ag dul as oifig go dtí an lá a gcuirfear tús le téarma comhchoiteann chomhaltaí nua [KRS].'

18. De bhua na forála idirthréimhseacha atá in Airteagal 6 den Dlí lena leasaítear an Dlí ar Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile, a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2018:

'Leanfaidh téarma oifige chomhaltaí [KRS] dá dtagraítear in Airteagal 187(1)(2) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne, arna dtoghadh de bhun forálacha atá i bhfeidhm anois, go dtí an lá roimh théarma chomhaltaí nua [KRS], gan dul thar 90 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an dlí reatha, áfach, mura bhfuil an téarma sin imithe in éag cheana.'

### *E. Cód um Nós Imeachta Coiriúil*

19. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 439(1) den ustawa – Kodeks postępowania karnego (Dlí maidir leis an gCód um Nós Imeachta Coiriúil) an 6 Meitheamh 1997 (Dz. U. 1997, mír 555) (an 'Cód um Nós Imeachta Coiriúil'):

'Beag beann ar theorainneacha an achomhairc agus forais an achomhairc arna gcur chun cinn agus tionchar an tsáraithe ar ábhar an rialaithe, cuirfidh an chúirt achomhairc an rialú faoi achomharc ar neamhní más rud é:

(1) gur ghlac duine nach bhfuil údaraithe rialú a thabhairt nó nach bhfuil in ann é sin a dhéanamh nó atá eisiata ó rialú a thabhairt de bhun Airteagal 40 páirt sa rialú;

(2) go raibh comhdhéanamh na cúirte míchuí nó nach raibh duine dá comhaltaí i láthair le linn na héisteachta;

…'

20. Faoi Airteagal 523(1) den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ar phointe dlí ach amháin ar bhonn na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 439 de nó ar bhonn sárú tromchúiseach eile ar an dlí i gcás ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an sárú sin ar ábhar an rialaithe.

## III. Na fíorais sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú

### *A. Cás C-615/20*

21. Chúisigh an Prokuratura Okręgowa w Warszawie (an tIonchúisitheoir Réigiúnach, Vársá, an Pholainn) ('an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach') Y.P. agus 13 dhuine eile le roinnt cionta faoin gCód Coiriúil a rinne díobháil do 229 íospartach. Tá an cás[6] ag dul ar aghaidh i gcoinne 11 chosantóir. Tá 197 imleabhar i gcomhad an cháis agus roinnt dosaen imleabhar d'iarscríbhinní.

[6] Cás VIII K 105/17.

Reáchtáladh an triail thar 100 lá, inar thug na cosantóirí, na híospartaigh agus os cionn 150 finné fianaise. Níl ach cúpla finné agus triúr saineolaithe fós le héisteacht. Shuigh an Breitheamh I.T. sa chás agus ghlac sé páirt sa triail.

22. An 14 Feabhra 2020, d'iarr an Wydział Spraw Wewnętrznych Prokuratury Krajowej (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Náisiúnta, an Rannán Gnóthaí Inmheánacha, an Pholainn; 'NPPO') údarú ón Dlísheomra Araíonachta[7] chun an Breitheamh I.T. a ionchúiseamh mar gheall ar mhainneachtain phoiblí a dhualgais a chomhlíonadh agus gníomhú *ultra vires* trí chead a thabhairt d'ionadaithe na meán cumarsáide taifead a dhéanamh ar éisteacht de chuid an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Vársá, an Pholainn), an t-ordú a rinneadh sa chás sin a léamh sa chúirt agus na cúiseanna ó bhéal a tugadh ina leith. De réir NPPO, scaip an Breitheamh I.T. faisnéis do dhaoine neamhúdaraithe faoi réamh-imscrúdú a rinne an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach. Ós rud é go bhfuair an Breitheamh I.T. an fhaisnéis sin le linn dó a bheith i mbun a dhualgas, bhí NPPO den tuairim go ndearna a chuid gníomhaíochtaí dochar do leas an phobail.

23. Ag gníomhú dó mar chúirt chéadchéime, an 9 Meitheamh 2020, dhiúltaigh an Dlísheomra Araíonachta iarraidh NPPO ar údarú chun an Breitheamh I.T. a ionchúiseamh. Rinne NPPO achomharc i gcoinne an chinnidh sin. An 18 Samhain 2020, chuir an Dlísheomra Araíonachta, ag gníomhú di mar chúirt dara céime an uair sin, deireadh le díolúine an Bhreithimh I.T. ó ionchúiseamh, cuireadh é ar fionraí oifig agus laghdaigh sé a luach saothair 25 % ar feadh a fhionraí.[8] Leanfar leis an bhfionraí go dtí go dtabharfar na himeachtaí coiriúla ina choinne chun críche.

24. Mar gheall ar a fhionraíocht ó ghníomhú dá dhualgais, ní fhéadfaidh an Breitheamh I.T. aon cheann de na cásanna a sannadh dó a éisteacht nó a chinneadh, lena n-áirítear Cás VIII K 105/17. I gcomhréir le prionsabal chomhdhéanamh seasta na bhfoirmithe cúirte atá cumhdaithe sa Kodeks Postępowania Karnego (Cód Nós Imeachta Coiriúil na Polainne), níl ach foirmiú na cúirte[9] a rinne an triail iomlán inniúil chun breithiúnas a thabhairt. Ní mór na himeachtaí i gCás VIII K 105/17 a thosú as an nua. Go háirithe, ní mór don bhreitheamh a cheapadh in ionad an Bhreithimh I.T. an fhianaise go léir a tugadh ar aird ag an triail go dtí seo a athéisteacht. De réir na cúirte a rinne an tarchur, tá an cás sin contrártha le hAirteagal 47 den Chairt, go háirithe an ceart leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil agus ceart gach duine éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnach ama ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí.[10]

25. Leis an ordú tarchuir, athdhearbhaítear, ina breithiúnas an 5 Nollaig 2019[11] agus ina horduithe an 15 Eanáir 2020,[12] gur chinn an Sąd Najwyższy (Izba Pracy i Ubezpieczeń Społecznych) (an Chúirt Uachtarach (an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta), an Pholainn),[13] a rialaigh ar na himeachtaí as ar tháinig an breithiúnas in *A.K.* arna chinneadh, ina chomhdhéanamh reatha, nach bhfuil KRS neamhspleách ar an reachtas agus ar an bhfeidhmeannas, agus nach bhfuil an Dlísheomra Araíonachta – ar ceapadh a chomhaltaí ar

[7] De bhun na reachtaíochta a bhí i bhfeidhm, bhí an Dlísheomra Araíonachta inniúil chun iarratais ar údarú breitheamh a ionchúiseamh nó a choinneáil ag an gcéad agus ag an dara céim a éisteacht agus a chinneadh.

[8] Cás II DO 74/20 ('Rún an Dlísheomra Araíonachta').

[9] Is é sin le rá na breithiúna nó na breithiúna agus na giúróirí céanna.

[10] Ag tagairt, *inter alia*, do bhreithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta Chúirt Uachtarach na Polainne)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982) ('an breithiúnas in *A. K.*').

[11] Cás III DO 7/18.

[12] Cás III PO 8/18 agus III PO 9/18.

[13] An 'Dlísheomra um Shaothar agus Slándail Shóisialta'.

thogra ó KRS ina chomhdhéanamh reatha – ina 'bhinse' de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ('ECHR') agus Airteagal 45(1) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne. I rún comhpháirteach an 23 Eanáir 2020, dheimhnigh Dlísheomraí Sibhialta agus Coiriúla agus an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), seasamh an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta lena leagtar síos go bhfuil foirmiú den Seomra Araíonachta ina bhfuil duine ceaptha ar thogra ó KRS ina shuí ina chomhdhéanamh reatha lochtach. Chinn an comhdhlísheomra freisin, mar gheall ar a shaintréithe struchtúracha, nach 'binse' é an Dlísheomra Araíonachta le haghaidh na bhforálacha thuasluaite agus nach 'rialuithe breithiúnacha' iad a rialuithe. Le cinneadh an 23 Meán Fómhair 2020,[14] chinn an Dlísheomra Araíonachta nach féidir a mheas go bhfuil an breithiúnas in *A.K.* 'ceangailteach i gcóras dlí na Polainne' toisc go raibh an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta ag feidhmiú i 'bhfoirmithe neamhdhleathacha', sna príomhimeachtaí ba bhun leis an iarraidh ar réamhrialú.

26. Is cuid de chóras breithiúnach na Polainne í an chúirt a rinne an tarchur, ina bhfuil an Breitheamh I.T. ag suí, agus tugann sí rialaithe maidir le cásanna i 'réimsí arna gcumhdach le dlí an Aontais' de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.[15] Is cúis le cinneadh an Dlísheomra Araíonachta chun deireadh a chur le díolúine an Bhreithimh I.T. ó ionchúiseamh agus é a chur ar fionraí óna dhualgais a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin nach mór do Chás VIII K 105/17 a athéisteacht ón tús le foirmiú breithiúnach eile, go mbíonn an chúirt a rinne an tarchur in amhras cibé an bhfuil an Dlísheomra Araíonachta ina bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí.

27. Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil na rialacha lena rialaítear araíonacht[16] agus dífhostú[17] breithiúna faoi réir an cheanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur cibé an bhfuil nó nach bhfuil na rialacha náisiúnta lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh nó a gcoinneáil faoi réir an cheanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach. Tá sé den tuairim nach mór d'imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithimh a bheith faoi réir na gceanglas céanna agus a dhéantar imeachtaí araíonachta a thionscnamh ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, ní fhéadfar údarú a thabhairt chun ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin más rud é, i dtuairim na cúirte araíonachta, go bhfuil amhras leordhóthanach ann go ndearnadh cion coiriúil. Ar an dara dul síos, a luaithe a eisítear údarú den sórt sin, féadfaidh an chúirt araíonachta[18] an breitheamh sin a chur ar fionraí, rud a chuirfidh bac air nó uirthi rialú a thabhairt ar chásanna go dtí go mbeidh deireadh leis na himeachtaí coiriúla sin. Ar an tríú dul síos, ar feadh ré na fionraíochta sin, tá sé d'oibleagáid ar an gcúirt araíonachta luach saothair an bhreithimh a laghdú idir 25 % agus 50 %. Ar an gceathrú dul síos, ní ordaítear aon teorainn ama chun díotáil a chomhdú sa chás sin le húdarú a dheonú chun breitheamh a ionchúiseamh. Mar thoradh ar an údarú sin, féadfar breitheamh a chur ar fionraí agus luach saothair an bhreithimh sin a laghdú go ceann tréimhse éiginnte ama. Féadfaidh measúnú ar na himthosca sin go léir údar a thabhairt le conclúid go bhfuil iarmhairtí ag an nós imeachta chun deireadh a chur le díolúine breithimh ó

14 II DO 52/20.

15 Féach breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz* v *Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

16 Ordú na Cúirte Breithiúnais 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277, míreanna 34 agus 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

17 Breithiúnas an 5 Samhain 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na nGnáthchúirteanna)*, C-192/18 (EU:C:2019:924, mír 114 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Agus déanfar amhlaidh i gcás breitheamh a chúisítear i gcion a rinneadh d'aon ghnó, a ionchúiseamh ar dhíotáil phoiblí.

ionchúiseamh agus/nó ó choinneáil atá cosúil le bearta a glacadh faoin gcóras araíonachta do bhreithiúna. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an nós imeachta sin faoi réir an cheanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

28. De réir na cúirte a rinne an tarchur, tuairiscíonn gach ionchúisitheoir poiblí sa Pholainn don Aire Dlí agus Cirt, a bhfuil post mar Prokurator Generalny (Ard-Ionchúisitheoir) aige de réir an dlí. Cé go bhfuil ionchúisitheoir poiblí neamhspleách, de réir dealraimh, i ngníomhú dá dhualgais nó dá dualgais, tá sé d'oibleagáid air nó uirthi orduithe, treoirlínte agus treoracha an ionchúisitheora phoiblí a bhfuil sé nó sí ag tuairisciú dó nó di a fhorghníomhú, agus d'fhéadfadh a bheith an tAire Dlí agus Cirt, lena n-áirítear in imeachtaí os comhair an Dlísheomra Araíonachta.

29. Léiríonn an iarraidh ar réamhrialú go bhfuil an tAire Dlí agus Cirt ina chomhalta de KRS faoi Bhunreacht Phoblacht na Polainne. Bhí dlúthnaisc leis an Aire Dlí agus Cirt ag an am a roghnaíodh iad ag an gcuid is mó de na 15 chomhalta de KRS a roghnaíodh an Sejm as measc breithiúna agus tá na naisc sin fós acu. Ina dhiaidh sin ghlac KRS mar a bhí sé páirt in ainmniúchán chomhaltaí uile an Dlísheomra Araíonachta, lena n-áirítear iar-ionchúisitheoirí poiblí agus dlíodóirí a thacaigh go poiblí le gníomhartha an Aire Dlí agus Cirt.

30. De bhun an chásdlí shocair na Cúirte, ceanglaítear leis an gcoincheap 'neamhspleáchas', atá ina ghné dhílis den chúram a bhaineann le breithiúnas a thabhairt, go ngníomhóidh comhlacht mar thríú páirtí i ndáil le páirtithe in imeachtaí os a chomhair.[19] I bhfianaise chomhdhéanamh an Dlísheomra Araíonachta, comhdhéanamh reatha KRS, cineál ordlathach an chórais ionchúisimh phoiblí agus na forálacha lena rialaítear údarú chun breithiúna a ionchúiseamh nó a choinneáil, tá amhras suntasach ar an gcúirt a rinne an tarchur i dtaobh an bhfeidhmíonn an Dlísheomra Araíonachta mar thríú páirtí i ndáil leis an ionchúisitheoir poiblí.

31. Ina theannta sin, i bhfianaise ordú an 8 Aibreán 2020, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur i dtaobh ar cheart don Dlísheomra Araíonachta éisteacht le hiarratais ar údaruithe chun breithiúna a ionchúiseamh nó a choinneáil. Measann sí gur cheart go n-áireofaí freisin sa choincheap 'cásanna araíonachta a bhaineann le breithiúna' dá dtagraítear sa chéad fhleasc de mhír 1 den chuid oibríochtúil den ordú sin cásanna lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh agus a choinneáil. Ar aon chuma, ós rud é nach bhfuil aon athrú ar chomhdhéanamh an Dlísheomra Araíonachta, beidh gach cás ar feitheamh os comhair an chomhlachta sin le héisteacht ag foirmiú nach gcomhlíonann na ceanglais neamhspleáchais de bhun an dara fleasc de phointe 1 den chuid feidhme d'ordú na Cúirte an 8 Aibreán 2020.

32. I bhfianaise an mhéid sin, measann an chúirt a rinne an tarchur nach 'rialú breithiúnach' é údarú an Dlísheomra Araíonachta ós rud é nach gcomhlíonann an dlísheomra sin na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach chun críocha dhlí an Aontais ná nach n-áirithíonn sé 'cobhsaíocht an dlí agus an chaidrimh dhlíthiúil agus dea-riarachán an cheartais araon'.[20] Dá réir sin ní mheasann sí go bhfuil sí faoi cheangal ag orduithe an Dlísheomra Araíonachta. Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag dlíthiúlacht údarú an Dlísheomra Araíonachta ar cibé an binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú le dlí í an chúirt a rinne an tarchur, tá sí ag iarraidh treoir ón gCúirt Bhreithiúnais. Sa chomhthéacs sin, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach an bhfuil feidhm chomhionann ag an oibleagáid gan caitheamh ar rialú ón

19 Breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Féach breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines* (C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, míreanna 88 agus 89).

Dlísheomra Araíonachta mar rialú ceangailteach maidir le comhlachtaí eile Stáit[21] agus, dá réir sin, an sáraíonn diúltú gan údar maith cead a thabhairt do bhreitheamh a bhfuil an t-ionchúiseamh sin údaraithe ina leith chun suí ar chúirt dhlí an Aontais Eorpaigh.

33. Sna himthosca sin, chinn an Sąd Najwyższy (an Chúirt Réigiúnach, Vársá) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú – go háirithe Airteagal 47 [den Chairt], agus an ceart leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil agus ceart gach duine éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnach ama ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí – sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar an reachtaíocht náisiúnta a leagtar amach go mion i gceisteanna 2 agus 3 thíos, eadhon, [Airteagal 80, Airteagal 110(2a) agus Airteagal 129 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna] agus Airteagal 27(1)(1a) de[n] [Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach], [lena cheadaítear do Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí] díolúine breithimh a tharraingt siar agus breitheamh a chur ar fionraí óna dhualgais nó óna dualgais, agus go háirithe chun breitheamh a chosc ó rialú a thabhairt ar na cásanna a sanntar dó nó di a éisteacht, go háirithe ós rud é:

a) ní "binse" é an [Dlísheomra Araíonachta] de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, Airteagal 6 de [ECHR] agus Airteagal 45(1) de [Bhunreacht Phoblacht na Polainne] (breithiúnas an 19 Samhain 2019, A.*K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas an Dlísheomra Araíonachta den Chúirt Uachtarach)* C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982);

b) tá dlúthnaisc ag comhaltaí den [Dlísheomra Araíonachta] leis an reachtas agus leis an bhfeidhmeannas (ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-791/19 R, EU:C:2020:277;

c) bhí sé d'oibleagáid ar Phoblacht na Polainne cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach a bhaineann leis an dlísheomra ar a dtugtar an [Dlísheomra Araíonachta] a chur ar fionraí agus staonadh ó chásanna ar feitheamh os comhair an Dlísheomra sin a tharchur chuig painéal nach gcomhlíonann a chomhdhéanamh na ceanglais neamhspleáchais (ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* C-791/19 R, EU:C:2020:277);

(2) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú – go háirithe Airteagal 2 CAE agus luach riail an dlí agus na ceanglais maidir le cosaint dhlíthiúil éifeachtach faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – sa chaoi go gciallaítear leis go gclúdaítear leis "na rialacha lena rialaítear an córas araíonachta díobh siúd a bhfuil sé de chúram orthu breithiúnas a thabhairt" forálacha a bhaineann le hionchúiseamh coiriúil nó breitheamh de chuid cúirt náisiúnta a choinneáil, amhail Airteagal 181 de [Bhunreacht Phoblacht na Polainne] i gcomhar le hAirteagail 80 agus 129 den [Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna], dá réir:

a) is gá údarú ón gcúirt araíonachta ag a bhfuil inniúlacht chun ionchúiseamh coiriúil nó cailleadh saoirse (coinneáil) breithimh de chúirt náisiúnta, i bprionsabal ar iarratas ó ionchúisitheoir poiblí;

[21] Amhail an tAire Dlí agus Cirt, uachtaráin na gcúirteanna, an Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil) nó comhlachtaí araíonachta.

b) tá sé ar chumas cúirt araíonachta (agus i gcásanna áirithe tá sé d'oibleagáid uirthi) tar éis ionchúiseamh coiriúil nó cailleadh saoirse (coinneáil) breithimh de chúirt náisiúnta a údarú, breitheamh a chur ar fionraí óna dhualgais nó óna dualgais;

c) agus breitheamh de chúirt náisiúnta á fhionraí óna dhualgais nó óna dualgais, tá sé d'oibleagáid ar an gcúirt araíonachta ag an am céanna a luach saothair a laghdú, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis na forálacha ábhartha, ar feadh a fhionraí?

(3) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú – go háirithe na forálacha dá dtagraítear i gceist 2 – sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit, amhail Airteagal 110(2a) den [Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna] agus Airteagal 27(1)(1a) den [Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach], ar dá réir a thagann cásanna a bhaineann le húdarú chun ionchúiseamh coiriúil nó cailleadh saoirse (coinneáil) breithimh i gcúirt náisiúnta faoi dhlínse eisiach comhlachta amhail an Dlísheomra Araíonachta ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, agus na fíorais seo a leanas á gcur san áireamh go háirithe (go haonarach nó i gcomhpháirt):

a) bunaíodh an Dlísheomra Araíonachta i gcomhthráth le hathrú ar na rialacha maidir le comhaltaí de chomhlacht a roghnú amhail KRS), a bhfuil baint aige le ceapacháin bhreithiúnacha agus ar ceapadh comhaltaí uile an Dlísheomra Araíonachta ar mholadh uaidh;

b) d'fhág an reachtas náisiúnta go bhfuil sé dodhéanta breithiúna reatha na cúirte náisiúnta céime deiridh (an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)]) ina bhfeidhmíonn an Dlísheomra sin a aistriú chuig an Dlísheomra Araíonachta, ina n-oibríonn an Dlísheomra sin, sa chaoi is nach bhféadfaidh ach comhaltaí nua arna gceapadh ar thogra ón gCoimisiún nua-roghnaithe [KRS] suí sa Dlísheomra Araíonachta;

c) tá leibhéal an-ard neamhspleáchais ag an Dlísheomra Araíonachta laistigh den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)];

d) dheimhnigh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], ina rialuithe lena gcuirtear breithiúnas an 19 Samhain 2019 chun feidhme, A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas an Dlísheomra Araíonachta den Chúirt Uachtarach) (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982), nach bhfuil [KRS] nua-roghnaithe neamhspleách ar an reachtas agus ar an bhfeidhmeannas, agus nach bhfuil an Dlísheomra Araíonachta ina "bhinse" de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, Airteagal 6 den Chairt agus Airteagal 45(1) de [Bhunreacht Phoblacht na Polainne];

e) i bprionsabal, is ionchúisitheoir poiblí ar comhlacht feidhmiúcháin é ar nós an Aire Sprawiedliwości (an tAire Dlí agus Cirt) a chuireann isteach iarraidh ar údarú chun ionchúiseamh coiriúil nó cailleadh saoirse (coinneáil) bhreithimh de chúirt náisiúnta, ar féidir leis an gcomhlacht feidhmiúcháin treoracha ceangailteacha a eisiúint d'ionchúisitheoirí poiblí maidir le gníomhartha nós imeachta, agus ag an am céanna tá dlúthnaisc ag comhaltaí den Dlísheomra Araíonachta agus de [KRS] nua-roghnaithe, mar a chinn an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] sna rialuithe dá dtagraítear i bpointe 2(d), go háirithe dlúthnaisc leis an reachtas agus leis an bhfeidhmeannas, agus dá bhrí sin ní féidir an Dlísheomra Araíonachta a mheas mar thríú páirtí i ndáil leis na páirtithe sna himeachtaí;

f) cuireadh de cheangal ar Phoblacht na Polainne cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach a bhaineann leis an Dlísheomra Araíonachta a chur ar fionraí agus staonadh ó chásanna ar feitheamh os comhair an Dlísheomra sin a tharchur chuig painéal nach gcomhlíonann a chomhdhéanamh na ceanglais neamhspleáchais i gcomhréir le hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277)?

(4) I gcás ina ndeonaítear údarú chun breitheamh de chúirt náisiúnta a ionchúiseamh nó a choinneáil, a bhaineann leis an mbreitheamh sin a chur ar fionraí óna dhualgais nó óna dualgais agus a luach saothair a laghdú do thréimhse a fhionraí nó a fionraí, an gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú – go háirithe na forálacha dá dtagraítear i gceist 2 agus prionsabail na tosaíochta, an chomhair dhílis faoi Airteagal 4(3) CAE agus na deimhneachta dlíthiúla – sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar éifeacht cheangailteach an údaraithe sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le fionraí an bhreithimh sin óna dhualgais nó óna dualgais, más comhlacht amhail an Dlísheomra Araíonachta a dheonaigh é, agus dá bhrí sin:

a) ní mór do gach comhlacht Stáit (lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur a bhfuil an breitheamh arna chumhdach leis an údarú sin ina comhdhéanamh chomh maith leis na comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí acu comhdhéanamh cúirteanna náisiúnta a ainmniú agus a mhodhnú) neamhaird a thabhairt ar an údarú sin agus cead a thabhairt do bhreitheamh cúirte náisiúnta a chumhdaítear leis an údarú sin suí ar phainéal breithnithe na cúirte sin;

b) is binse í an chúirt a n-áirítear ina chomhdhéanamh an breitheamh a chumhdaítear leis an údarú sin, arna bhunú roimhe sin le dlí nó le binse neamhspleách agus neamhchlaonta agus dá bhrí sin, an féidir léi, mar “bhinse”, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó a léiriú dhlí an Aontais?’

### *B. Cás C-671/20*

34. Tá na fíorais as a dtagann an iarraidh seo ar réamhrialú cosúil leo siúd i gCás C-615/20.

35. Chúisigh an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach M.M. le seacht gcion choiriúla lena n-áirítear, *inter alia*, mainneachtain comhdú le haghaidh féimheachta, mainneachtain éilimh creidiúnaithe a shásamh, calaois bhainc agus mainneachtain ráitis airgeadais cuideachta a chomhdú. Le cinneadh an 9 Meitheamh 2020, d’ordaigh an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach go gcruthófaí morgáiste éigeantach ar réadmhaoin atá faoi chomhúinéireacht ag M.M. agus ag a bhean chéile mar urrús ar fhíneálacha agus táillí cúirte a d’fhéadfadh a bheith ann. Rinne M.M. achomharc i gcoinne an chinnidh sin.

36. I bhfianaise an rúin ón Dlísheomra Araíonachta, d’ordaigh [22] Uachtarán an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Vársá) go n-athródh Uachtarán an Dlísheomra inar shuigh an Breitheamh I.T. foirmiú an bhinse sna cásanna go léir [23] a sannadh don bhreitheamh sin ar dtús. [24]

[22] Ba é bunús dlí an ordaithe sin, dar dáta an 24 Samhain 2020, Airteagal 47b(1) agus (3) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna.

[23] Seachas Cás VIII K 105/17.

[24] Ach amháin i gCás VIII K 105/17, ba bhun leis an iarraidh ar réamhrialú i gCás C-615/20.

D'athshann Uachtarán an Dlísheomra sin na cásanna a sannadh ar dtús don Bhreitheamh I.T. Tar éis an athshannta sin, chuir an chúirt a rinne an tarchur roinnt ceisteanna faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú.

37. Maíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcomhréir leis an mbreithiúnas in *Simpson*,[25] nach mór do gach cúirt a fhíorú uaithi féin an binse neamhspleách neamhchlaonta é arna bhunú roimhe sin le dlí. Tá amhras uirthi i dtaobh an ionann é agus 'binse arna bhunú roimhe sin le dlí' toisc gur toradh díreach ar rún an Dlísheomra Araíonachta é an t-athrú ar a chomhdhéanamh le hordú ó Uachtarán an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Vársá) i ndiaidh an Bhreithimh I.T. a chur ar fionraí. Mar gheall ar a 'thréithe struchtúracha', ní 'binse' é an Dlísheomra sin de bhun an dlí náisiúnta nó dhlí an Aontais. Measann an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfidh athbhreithniú éifeachtach ar rún an Dlísheomra Araíonachta ar a cumas measúnú a dhéanamh an cúirt í a bunaíodh roimhe sin le dlí agus an féidir léi rialú a thabhairt sna himeachtaí os a comhair. Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh sí sárú a dhéanamh ar cheart na bpáirtithe chun cúirte agus go gcuirfí a cinneadh maidir le hachomharc ar neamhní dá bharr[26] má thug comhdhéanamh inar shuigh duine neamhúdaraithe breithiúnas, de bharr go raibh an chúirt comhdhéanta go míchuí[27] nó mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh.

38. Measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá scrúdú a dhéanamh ar éifeacht cheangailteach rún an Dlísheomra Araíonachta chun measúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé an ceanglas maidir le bunaíocht roimhe sin de réir dlí. Cuirtear bac le reachtaíocht náisiúnta agus cásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) araon, ar dá réir nach féidir leis na cúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar cheapadh breithimh, lena n-áirítear dlíthiúlacht ról Uachtarán Phoblacht na Polainne[28] agus KRS sa nós imeachta ceapacháin,[29] ar an scrúdú sin a dhéanamh. Thairis sin, meastar gur cion araíonachta é an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur cé acu an gcoisctear nó nach gcoisctear le dlí an Aontais an reachtaíocht náisiúnta sin agus cásdlí thuasluaite an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

39. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur freisin an bhfuil sí faoi cheangal ag rún an Dlísheomra Araíonachta agus ag aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aici dá comhdhéanamh, lena n-áirítear éifeachtacht dhlíthiúil fhionraíocht an Bhreithimh I.T. Mar a thug an Chúirt Bhreithiúnais le fios arís agus arís eile, a thábhachtaí atá 'prionsabal údarás *res judicata*' i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh agus i ndlíchóras na mBallstát araon. Chun cobhsaíocht an dlí agus an chaidrimh dhlíthiúil agus dea-riarachán an cheartais araon a áirithiú, tá sé tábhachtach nach féidir cinntí breithiúnacha cinntitheacha a thabhairt faoi cheist. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear le dlí an Aontais ar chúirt náisiúnta gan rialacha nós imeachta inmheánach a fheidhmiú a thugann údarás *res judicata* do bhreithiúnas, fiú i gcás ina leigheasfadh sé cás intíre atá ar neamhréir le dlí an Aontais.[30]

25 Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú ar Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear) ('an breithiúnas in *Simpson*')

26 Ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)

27 Féach Airteagal 439(1)(1) agus (2), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 523(1) den Chód um Nós Imeachta Coiriúil.

28 'Uachtarán na Poblachta' anseo feasta.

29 Féach, breithiúnas *TK*, an 4 Márta 2020 (Cás P 22/19), agus ordú TKz, an 20 Aibreán 2020 (Cás U 1/20).

30 Breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines* (C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, míreanna 88 agus 89 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40. Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an Dlísheomra Araíonachta de chineál nach 'rialú breithiúnach' é rún an 18 Samhain 2020 ós rud é nach mbaineann an téarma sin ach le rialuithe comhlachta a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach faoi dhlí an Aontais. Ní áirithíonn cumas an Dlísheomra Araíonachta breitheamh a chur ar fionraí – go praiticiúil ar feadh tréimhse éiginnte ama – cobhsaíocht an dlí agus an chaidrimh dhlíthiúil ar bhealach ar bith agus is cinnte nach gcuireann sé le dea-riarachán an cheartais. Ina theannta sin, fiosraíonn an chúirt a rinne an tarchur cibé an bhfuil an oibleagáid diúltú éifeacht cheangailteach a thabhairt do rialuithe an Dlísheomra Araíonachta infheidhme freisin maidir le rialuithe comhlachtaí Stáit eile amhail an tAire Dlí agus Cirt, an t-ionchúisitheoir poiblí, uachtaráin na gcúirteanna agus an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Dá réir sin, iarrann sí an sáraítear dlí an Aontais Eorpaigh má dhiúltaítear, gan údar cuí, cead a thabhairt do bhreitheamh ar ina leith atá an t-ionchúiseamh sin údaraithe suí i bhfoirmiú cúirte.

41. Sna himthosca sin, chinn an Sąd Najwyższy w Warszawie w XII Wydziale Karnym (an Chúirt Uachtarach, Vársa) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh – go háirithe Airteagal 2 CAE agus luach an smachta reachta a chuirtear in iúl ann, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus prionsabail na tosaíochta, an chomhair dhílis agus na deimhneachta dlíthiúla – a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar chur i bhfeidhm reachtaíochta de chuid Ballstáit, amhail Airteagal 41b(1) agus (3) den [Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna], sa tslí go bhféadfaidh uachtarán cúirte, go neamhspleách agus gan athbhreithniú breithiúnach, cinneadh a dhéanamh comhdhéanamh cúirte a athrú mar thoradh ar údarú arna dheonú ag comhlacht amhail an [Dlísheomra Araíonachta] maidir le hionchúiseamh coiriúil nó coinneáil breithimh a chuimsítear sa phainéal bunaidh (Breitheamh na Cúirte Réigiúnach I. T.), lena mbaineann fionraí shainordaitheach an bhreithimh sin óna dhualgais nó óna dualgais agus go háirithe, toirmeasc a chur ar an mbreitheamh sin suí ar phainéil sna cásanna a shanntar dó nó di, lena n-áirítear na cásanna a sannadh dó nó di sular deonaíodh an t-údarú?

(2) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh – go háirithe na forálacha a luaitear i gceist 1 – a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar an méid seo a leanas:

a) reachtaíocht Bhallstáit amhail Airteagal 42a(1) agus (2) agus mír 3 d'Airteagal 107(1) den [Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna], lena gcuirtear bac ar chúirt náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh, le linn athbhreithniú na cúirte sin ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le bheith ina bhinse arna bhunú roimhe sin le dlí, ar éifeacht cheangailteach agus imthosca dlíthiúla an údaraithe arna dheonú ag an Dlísheomra Araíonachta dá dtagraítear i gceist 1, ar cúis dhíreach iad leis an athrú ar chomhdhéanamh na cúirte, agus á ordú ag an am céanna go n-eascróidh imeachtaí araíonachta má dhéantar iarracht as athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh i gcoinne an bhreithimh a bheidh á stiúradh?

b) cásdlí comhlachta náisiúnta, amhail an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ar dá réir nach bhfuil gníomhartha de chuid comhlachtaí náisiúnta amhail [Uachtarán Phoblacht na Polainne] agus [KRS] a bhaineann le comhaltaí comhlachta a cheapadh amhail an Dlísheomra Araíonachta faoi réir athbhreithniú breithiúnach, lena n-áirítear athbhreithniú ó thaobh dhlí an Aontais Eorpaigh de, beag beann ar thromchúis agus fairsinge na sáruithe, agus ceapachán duine chuig post breithiúnach atá críochnaitheach agus dochloíte?

(3) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh – go háirithe na forálacha a luaitear i gceist 1 – a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar an údarú dá dtagraítear i gceist 1 ó éifeacht cheangailteach a bheith aige, go háirithe maidir le breitheamh a chur ar fionraí óna dhualgais nó óna dualgais, toisc gur comhlacht amhail an Dlísheomra Araíonachta a dheonaigh é, agus dá bhrí sin:

a) nach mór do gach comhlacht Stáit (lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur chomh maith leis na comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí acu comhdhéanamh na gcúirteanna náisiúnta a ainmniú agus a mhodhnú, go háirithe uachtarán cúirte) neamhaird a thabhairt den údarú sin agus cead a thabhairt don bhreitheamh de chúirt náisiúnta arna chumhdach ag an údarú sin suí ar phainéal breithiúnais na cúirte sin;

b) maidir le cúirt nach n-áirítear an breitheamh a ceapadh chuici ar dtús ina comhdhéanamh – toisc go bhfuil sé nó sí cumhdaithe ag an údarú sin amháin — nach binse í arna bhunú roimhe sin le dlí agus, dá bhrí sin, nach féidir léi, mar "bhinse", rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais?

(4) Ó thaobh na bhfreagraí ar na ceisteanna thuas, an bhfuil sé ábhartha nach ráthaíonn an Dlísheomra Araíonachta ná an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosaint bhreithiúnach éifeachtach mar gheall ar a n-easpa neamhspleáchais agus na sáruithe suite ar na rialacha maidir lena gcomhaltaí a cheapadh?'

## IV. An nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

42. Le cinneadh an 21 Eanáir 2021, d'uaim Uachtarán na Cúirte Breithiúnais Cásanna C-615/20 agus C-671/20 chun críocha an nós imeachta i scríbhinn agus ó bhéal agus chun críocha an bhreithiúnais.

43. D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcaithfear go gasta leis na hiarrataí ar réamhrialú i gCásanna C-615/20 agus C-671/20 de bhun Airteagal 105(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Le cinntí an 9 Nollaig 2020 agus an 21 Eanáir 2021 faoi seach, dhiúltaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais do na hiarrataí sin. Mar sin féin, tugadh tosaíocht dóibh faoi Airteagal 53(3) de na Rialacha Nós Imeachta céanna sin.

44. Thaisc YP, an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach, Rialtas na Beilge, na Danmhairge, na hÍsiltíre, na Polainne, na Fionlainne agus na Sualainne mar aon leis an gCoimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn. Cé is moite de YP, chuir gach ceann de na páirtithe thuasluaite barúlacha ó bhéal i láthair agus d'fhreagair siad na ceisteanna a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ag an éisteacht an 28 Meitheamh 2022.

## V. Measúnú

### *A. Inghlacthacht*

45. Áitíonn an tIonchúisitheoir Poiblí Réigiúnach agus Rialtas na Polainne go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú neamh-inghlactha. In éagmais aon nascfhactóir idir na hábhair atá i gceist sna himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur agus forálacha dhlí an Aontais a bhfuil léiriú á lorg aici ina leith, ní gá freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin ionas go

mbeidh an chúirt sin in ann rialú a thabhairt ar na cásanna atá os a comhair.[31] De réir Rialtas na Polainne, fiú dá n-údaródh an Chúirt Bhreithiúnais don chúirt a rinne an tarchur neamhaird a thabhairt ar rún an Dlísheomra Araíonachta, ní cheadaítear le haon fhoráil de dhlí na Polainne ionadú a dhéanamh ar bhreitheamh a shanntar do chás nó na cásanna sin a aistriú chuig breitheamh eile.

46. Maíonn an Coimisiún agus Rialtas na Sualainne go bhfuil na hiarrataí ar réamhrialú inghlactha toisc go bhfuil gá le freagra na Cúirte Breithiúnais chun go bhféadfar foirmiú na cúirte a rinne an tarchur a dlínse féin a fhíorú *in limine litis* maidir le rialú a thabhairt ar na caingne coiriúla sna príomhimeachtaí.

47. De réir chásdlí socair na Cúirte, tá toimhde ábharthachta ag baint le ceisteanna ar léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh arna dtarchur ag cúirt náisiúnta. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a thabhairt ar cheisteanna den sórt sin ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh arna iarraidh le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi.[32]

48. Is léir ó fhoclaíocht agus ó struchtúr Airteagal 267 CFAE araon go nglactar leis, leis an nós imeachta um réamhrialú, go háirithe, go bhfuil díospóid ar feitheamh os comhair na gcúirteanna náisiúnta, agus go bhfuil ar na cúirteanna sin rialú a thabhairt sa díospóid sin ina bhfuil siad in ann an breithiúnas arna thabhairt faoin nós imeachta um réamhrialú a chur san áireamh. Tá údar maith le hiarraidh ar réamhrialú i ngeall ar an ngá atá le díospóid a réiteach agus gan tuairimí comhairleacha ar cheisteanna ginearálta nó hipitéiseacha a éascú.[33] Chuir an Chúirt i bhfios go láidir freisin go bhféadfadh sé go mbeadh gá le ceisteanna a tharchuirtear a fhreagairt chun léiriú ar dhlí an Aontais a chur ar fáil do chúirteanna a rinne an tarchur, chun a chur ar a gcumas ceisteanna nós imeachta maidir leis an dlí náisiúnta a réiteach sular féidir leo rialú a thabhairt ar shubstaint na ndíospóidí atá ar feitheamh os a gcomhair.[34]

49. Leis na ceisteanna arna dtarchur chun na Cúirte Breithiúnais sna himeachtaí seo, féachtar lena shuíomh, i bhfianaise shaintréithe an Dlísheomra Araíonachta, go háirithe an modh ar a gceaptar a chomhaltaí, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais Eorpaigh ar fhorálacha an dlí náisiúnta trína bhféadfaidh an Dlísheomra sin ionchúiseamh breithimh a údarú agus é nó í a chur ar fionraí mar thoradh air. Más amhlaidh atá, cad iad na hiarmhairtí a eascraíonn, de réir dhlí an Aontais, do dhlíthiúlacht fhoirmiú na cúirte a éisteann agus a chinneann an díospóid sna príomhimeachtaí? In imthosca den sórt sin, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le bunaíocht roimhe sin de réir dlí. Ós rud é, i gcomhréir leis an mbreithiúnas in *Simpson*,[35] gur féidir go mbeidh oibleagáid ar chúirt a fhíorú an bhfuil an chúirt, trína comhdhéanamh, neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú

[31] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz* v *Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, mír 48). De réir Rialtas na Polainne, baineann na cásanna coiriúla atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur le cúrsaí inmheánacha amháin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 47 den Chairt ná ag Airteagal 19(1) CAE maidir leo.

[32] Breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2016, *Petruhhin* (C-182/15, EU:C:2016:630, mír 20).

[33] Breithiúnais an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten* (C-409/06, EU:C:2010:503, mír 38), agus an 27 Feabhra 2014, *Pohotovosť* (C-470/12, EU:C:2014:101, míreanna 28 agus 29).

[34] Breithiúnas an 16 Samhain 2021, Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus *páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[35] Féach mír 57.

roimhe sin le dlí i gcás ina bhfuil amhras tromchúiseach ina leith sin, tá gá le léiriú ar dhlí an Aontais arna iarraidh ag an gcúirt a rinne an tarchur d'fhonn ceist nós imeachta a ardaítear *in limine litis* a réiteach roimh rialú a thabhairt ar na himeachtaí coiriúla a bhfuiltear os a comhair. [36]

50. Téann an aighneacht nach gceadaítear le dlí na Polainne ionadú a dhéanamh ar bhreitheamh atá sannta do chás nó na cásanna sin a aistriú i gcás ina meastar go bhfuil rún an Dlísheomra Araíonachta contrártha le dlí an Aontais, go substaint ábhar an ordaithe tarchuir a bhaineann le raon feidhme agus éifeacht dhlí an Aontais agus a thosaíocht. Ní thugann argóintí ar shubstaint an cháis bonn a chun a dhearbhú go bhfuil iarraidh ar réamhrialú neamh-inghlactha. [37]

51. Ag an éisteacht, bhí Rialtas na Polainne ag brath ar an mbreithiúnas in Prokurator Generalny agus páirtithe eile (Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) [38] mar thaca lena argóint nach bhfuil na hiarrataí ar réamhrialú neamh-inghlactha. Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt go raibh iarraidh ar réamhrialú neamh-inghlactha ar an mbonn, *inter alia*, gur bhain na ceisteanna arna dtarchur maidir le caidreamh seirbhíse a bheith ann idir breitheamh agus an Dlísheomra Araíonachta maidir le díospóid nach í an díospóid sna himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur. D'fhonn measúnú iomlán a dhéanamh ar raon feidhme na gceisteanna sin agus freagra iomchuí a thabhairt orthu, bheadh oibleagáid ar an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar na tosca a chuaigh thar raon feidhme na díospóide sna himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Chinn an Chúirt freisin go raibh an iarraidh ar réamhrialú sa chás sin ag iarraidh neamhbhailíocht *erga omnes* a shuí maidir le ceapachán an bhreithimh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), cé nár údaraigh, faoin dlí náisiúnta, cur i gcoinne ceapachán breithiúna trí chaingean dhíreach le haghaidh ceapachán mar sin a neamhniú nó a neamhbhailiú. Mar a léirítear go soiléir i mír 49 den Tuairim seo, ní hamhlaidh atá anseo.

52. Molaim, dá bhrí sin, go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais na hagóidí a rinneadh i leith inghlacthacht na gceisteanna a chuir an chúirt a rinne an tarchur a dhíbhe.

## *B. Substaint an cháis*

### *1. Réamhbharúlacha*

53. Tá forluí go páirteach idir ábhar na n-imeachtaí um shárú [39] i gCás C-204/21, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* [40] agus na himeachtaí nós imeachta um réamhrialú seo. Cé gur nósanna imeachta éagsúla le héifeachtaí dlíthiúla ar leith iad imeachtaí um shárú agus iarrataí ar réamhrialú, [41] déanfaidh mé tagairt, i gcás inarb iomchuí, do mo Thuairim sna himeachtaí um shárú sin atá le tabhairt ar an dáta céanna leis an Tuairim seo. Go

36 Féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Samhain 2021, Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 49). Féach freisin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 93 agus 94).

37 Féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus pairtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Breithiúnas an 22 Márta 2022 (C-508/19, EU:C:2022:201, míreanna 60 agus 71).

39 De bhun Airteagal 258, CFAE:

40 IO 2021 C 252, lch. 9.

41 Níor cheart róbhéim a chur ar éifeachtaí éagsúla bhreithiúnais na Cúirte de bhun Airteagail 258 agus 267 CFAE. Mar shampla, ina breithiúnas an 10 Márta 2022, *Grossmania* (C-177/20, EU:C:2022:175) thug an Chúirt tuairisc le déanaí ar na héifeachtaí comhcheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag a breithiúnais faoin dá nós imeachta.

háirithe, leagadh amach i míreanna 46 go 60 de mo Thuairim i gCás C-204/21, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna*) na nithe a mheasaim a bheith ina dtairiscintí seanbhunaithe dlí atá ábhartha do réiteach na n-imeachtaí sin.

*2. An chéad, an dara agus an tríú ceist i gCás C-615/20*

54. Leis an gcéad cheist, an dara ceist agus an tríú ceist i gCás C-615/20, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil feidhm ag Airteagal 2 CAE, ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus ag Airteagal 47 den Chairt maidir le cásanna lena n-údaraítear, *inter alia*, breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus laghdú éigeantach a dhéanamh ar a luach saothair. Más amhlaidh atá, an bhfuil na forálacha sin le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar rialacha náisiúnta lena dtugtar dlínse don Dlísheomra Araíonachta rialú a thabhairt ar chásanna den sórt sin ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, i bhfianaise go n-eascraíonn saintréithe áirithe an Dlísheomra sin, go háirithe an modh ar a gceaptar a chomhaltaí, amhras i dtaobh an ionann é agus 'binse' chun críocha Airteagal 47 den Chairt?

55. Chun na ceisteanna seo a scrúdú ní mór measúnú a dhéanamh ar dtús ar ábharthacht Airteagal 47 den Chairt i gcomhthéacs Chás C-615/20 agus Chás C-671/20. Is cásdlí socair é nach mór do dhuine a agraíonn an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil de bhun Airteagal 47 den Chairt i gcás ar leith brath ar chearta nó ar shaoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais nó a bheith faoi réir imeachtaí lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt. Ní léir ó na horduithe tarchuir i gCásanna C-615/20 agus C-671/20 go bhfuil YP ná M.M. ag brath ar cheart a thugann foráil de dhlí an Aontais dóibh ná go bhfuil siad ina n-ábhar d'imeachtaí lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme. Sna himthosca sin, níl Airteagal 47 den Chairt infheidhme sa chás sin sna príomhimeachtaí. Ós rud é, áfach, go gceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ar na Ballstáit go léir leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais,[42] go háirithe de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, ní mór aird chuí a thabhairt ar an dara foráil in aon léiriú ar an gcéad fhoráil.[43]

56. Ar an dara dul síos, breithním ábharthacht dhá ordú idirbhreitheacha in dhá imeacht um shárú i gcoinne Phoblacht na Polainne. Le hordú an 8 Aibreán 2020, d'ordaigh an Chúirt Bhreithiúnas go gcuirfí gníomhaíochtaí áirithe de chuid an Dlísheomra Araíonachta ar fionraí. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur sna hiarrataí ar réamhrialú amhras in iúl i dtaobh cé acu, i bhfianaise an ordaithe sa chás sin, an bhféadfadh an Dlísheomra Araíonachta cásanna lena lorgaítear údarú chun ionchúiseamh a dhéanamh agus breitheamh a chur ar fionraí a éisteacht agus a chinneadh. Ina theannta sin, chuir sí roinnt ceisteanna maidir le hábharthacht na fionraíochta mar a ordaíodh sna himeachtaí reatha.[44]

[42] Ní chonspóidtear go ngníomhaíonn an chúirt a rinne an tarchur, mar chúirt nó mar bhinse de réir bhrí dhlí an Aontais, laistigh d'ord dlíthiúil náisiúnta na Polainne sna 'réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais' de bhun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, dá bhrí sin, nach mór di na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh. Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 106 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[43] Breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí cúirte bunreachtúla)* (C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 34 go 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[44] Féach ceist 1(c) agus ceist 3(f) i gCás C-615/20.

57. Ordaítear sa chuid oibríochtúil d’ordú an 8 Aibreán 2020, go gcuirfí ar fionraí gníomhaíochtaí áirithe an Dlísheomra Araíonachta a rinneadh faoi fhorálacha sonracha[45] an Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach. Leis na forálacha sin, tugadh an bunús dlí do dhlínse an Dlísheomra Araíonachta chun rialú a thabhairt ar imeachtaí araíonachta arna dtionscnamh i gcoinne breithiúna. Tá siad go hiomlán difriúil ó bhunús dlí dhlínse an Dlísheomra Araíonachta chun údarú a thabhairt chun breithiúna a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus chun a luach saothair a laghdú, arb é ábhar na n-imeachtaí as ar tháinig na hiarrataí ar réamhrialú seo.[46] Dá bhrí sin, measaim go bhfuil ordú an 8 Aibreán 2020 neamhábhartha maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn anseo.[47]

58. Os a choinne sin, is cosúil go bhfuil ábharthacht ag baint le hordú Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 14 Iúil 2021 i gCás C-204/21 R, *an Coimisiún* v *an Pholainn.*[48] Leis an gcuid oibríochtúil de, ceanglaítear ar Phoblacht na Polainne, *inter alia*, cur i bhfeidhm Airteagal 27(1)(1d) de Dhlí leasaithe na Cúirte Uachtaraí agus forálacha den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna a thugann dlínse don Dlísheomra Araíonachta chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint, a chur ar fionraí.[49] Ceanglaítear leis an ordú sin freisin ar Phoblacht na Polainne éifeachtaí aon chinntí a ghlac an Dlísheomra Araíonachta cheana féin ar bhonn na bhforálacha thuasluaite a chur ar fionraí agus staonadh ó chásanna a tharchur chuig cúirt nach bhfuil neamhspleách.[50]

59. D’fhonn cur chun feidhme éifeachtach ordú an 14 Iúil 2021 a áirithiú, d’ordaigh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais do Phoblacht na Polainne íocaíocht phionósach thréimhsiúil EUR 1 000 000 in aghaidh an lae a íoc ón dáta a tugadh fógra faoin ordú sin go dtí go gcomhlíonfaidh an Ballstát sin na hoibleagáidí faoi ordú an 14 Iúil 2021, nó, má mhainníonn sé an méid sin a dhéanamh, go dtí dáta craolta an bhreithiúnais lena gcuireann clabhsúr ar na himeachtaí i gCás C-204/21, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna).*[51]

60. Ag an éisteacht, dheimhnigh an Coimisiún[52] nár chuir Poblacht na Polainne ar an eolas maidir le haon bhearta a ghlac an Ballstát chun ordú an 14 Iúil 2021 a chomhlíonadh. Dúirt an Coimisiún freisin, tar éis an t-ordú sin a dhéanamh, gur cheart an Breitheamh I.T. a athchur i bpost ón 14 Iúil 2021 go dtí dáta craolta an bhreithiúnais i gCás C-204/21, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna).*

[45] Eadhon Airteagal 3(5), Airteagal 27 agus Airteagal 73(1) de. I gcomhréir le hordú an 8 Aibreán 2020, bhí sé de cheangal ar Phoblacht na Polainne freisin staonadh ó na cásanna a bhí ar feitheamh os comhair an Dlísheomra Araíonachta a tharchur chuig painéal nár chomhlíon na ceanglais maidir le neamhspleáchas arna sainiú, *inter alia*, sa bhreithiúnas in *A. K.*.

[46] Féach Airteagal 27(1)(1a) den Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 80, Airteagal 110(2a) agus Airteagal 129 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna.

[47] In aon chás, tháinig deireadh leis an bhfionraí nuair a tugadh breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596) (‘an breithiúnas maidir leis an g*Córas Araíonachta do bhreithiúna*’). Maidir leis na himeachtaí reatha, tá ábharthacht ag baint leis an dearbhú nár chomhlíon Rialtas na Polainne a oibleagáidí faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE trí mhainneachtain neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra Araíonachta a ráthú agus, go háirithe, leis na critéir ar a bhraith an Chúirt Bhreithiúnais chun an cinneadh sin a dhéanamh. Féach freisin, an breithiúnas in *A. K.*.

[48] Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) (‘ordú an 14 Iúil 2021’).

[49] Láithreach agus go dtí go dtabharfar an breithiúnas lena gcuirtear clabhsúr ar na himeachtaí i gCás C-204/21, *an Coimisiúin* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna).*

[50] Mar a shainmhínítear sa bhreithiúnas in *A. K.*

[51] Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, nár foilsíodh, EU:C:2021:878).

[52] Ní dhearna Rialtas na Polainne é seo a bhréagnú.

61. Ar an tríú dul síos, rinne Rialtas na Polainne uiríoll ag an éisteacht gur cuireadh deireadh leis an Dlísheomra Araíonachta leis an ustawa o zmianie ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (Dlí lena leasaítear an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 9 Meitheamh 2022 (Dz. U. 2022, mír 1259) ('Dlí an 9 Meitheamh 2022'). Ó shin i leith, féadfaidh breitheamh agóid a dhéanamh i gcoinne rún cinntitheach ón Dlísheomra Araíonachta lena n-údaraítear a ionchúiseamh nó a hionchúiseamh os comhair an Izba Odpowiedzialności Zawodowej nuachruthaithe (an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil) de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) (an 'Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil').

62. Le hAirteagal 8 de Dhlí an 9 Meitheamh 2022, ar theacht i bhfeidhm dó,[53] cuirtear deireadh leis an Dlísheomra Araíonachta agus bunaítear an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil. Tá an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil le déileáil le gach cás neamhchríochnaithe os comhair an Dlísheomra Araíonachta an 15 Iúil 2022. De bhua Airteagal 18 de Dhlí an 9 Meitheamh 2022, féadfaidh breitheamh, laistigh de 6 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm, foriarratas a thabhairt os comhair an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil chun imeachtaí a atosú i ndáil le rún ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) lenar údaraíodh é nó í a ionchúiseamh agus a ghlac foirmiú ina raibh breitheamh den Dlísheomra Araíonachta ina shuí.

63. D'ainneoin dhíothú an Dlísheomra Araíonachta, dealraíonn sé go bhfuil an Breitheamh I.T. fós ar fionraí óna dhualgais faoin dlí náisiúnta cé go bhféadfaidh sé[54] tairiscint a thabhairt os comhair an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil d'fhonn agóid a dhéanamh i gcoinne an rúin ón Dlísheomra Araíonachta. Dá bhrí sin, tá na ceisteanna ón gcúirt a rinne an tarchur fós ábhartha. Chun aghaidh a thabhairt ar dhlíthiúlacht fhionraí an Bhreithimh I.T., is iomchuí scrúdú a dhéanamh cibé an bhfuil an Dlísheomra Araíonachta ag comhlíonadh na gceanglas d'Airteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, agus i dtaobh aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aici ar chomhdhéanamh na cúirte a rinne an tarchur i gcás nach gcomhlíontar na forálacha sin.

64. Faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, leanann sé as na tosca thuasluaite, d'ainneoin gur ghlac an Dlísheomra Araíonachta a rún ag an dara céim, go bhféadfaidh an Breitheamh I.T. agóid a dhéanamh i gcoinne a bhailíochta de réir dhlí na Polainne. Dealraíonn sé freisin nach bhfuil údarás *res judicata* le rún ón Dlísheomra Araíonachta a thuilleadh.

65. Maidir leis an gcéad, an dara agus an tríú ceist i gCás C-615/20, cé go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit, lena n-áirítear na rialacha lena rialaítear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna, faoina n-inniúlacht, ní mór cloí le dlí an Aontais agus an inniúlacht sin á cur i bhfeidhm acu. I gcás ina leagann Ballstát síos rialacha sonracha lena rialaítear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna,[55] ní mór go bhfuil bonn cirt leis na rialacha sin – i gcomhréir leis an gceanglas maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí agus chun deireadh a chur le haon amhras réasúnta in aigne daoine aonair, maidir le neamh-thréscaoilteacht na mbreithiúna i leith imthosca seachtracha, go háirithe, aon tionchar díreach nó indíreach a d'fhéadfadh a bheith ag an reachtas nó ag an bhfeidhmeannas ar chinntí na mbreithiúna – trí cheanglais oibiachtúla infhíoraithe a bhaineann le dea-riarachán an cheartais. Ní mór do rialacha den sórt sin, amhail na rialacha maidir le dliteanas araíonachta na

[53] Faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, tháinig an dlí sin i bhfeidhm an 15 Iúil 2022.

[54] D'fhonn, mar shampla, a fhionraí a tharraingt siar.

[55] Mar a chuir Rialtas na Polainne agus an Coimisiún in iúl ina gcuid barúlacha, in éagmais rialacha an Aontais ar an ábhar sin, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh an gníomhaíochtaí araíonachta nó coiriúla iad gníomhaíochtaí áirithe de chuid breithimh. Dá bhrí sin, ní chuirtear cosc le dlí an Aontais, i bprionsabal, ar fhoráil amhail Airteagal 181 de Bhunreacht Phoblacht na Polainne, lena mbeartaítear deireadh a chur le díolúine breithimh ó ionchúiseamh coiriúil agus lena choinneáil nó lena coinneáil ag cúirt arna bunú le dlí. Féach ceist 2 i gCás C-615/20.

mbreithiúna, na ráthaíochtaí is gá a sholáthar chun a áirithiú nach n-úsáidfí imeachtaí coiriúla mar chóras rialaithe pholaitiúil ar ghníomhaíochtaí na mbreithiúna agus go gcosnófaí go hiomlán na cearta atá cumhdaithe in Airteagail 47 agus 48 den Chairt.[56]

66. Faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann cúirteanna nó binsí atá faoi dhliteanas rialú a thabhairt ar chur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais ceanglais na cosanta breithiúnaí éifeachtaí.[57] Trína gcineál féin, bíonn tionchar láithreach, díreach agus domhain ag na cásanna a thagann faoi dhlínse an Dlísheomra Araíonachta de bhun Airteagail 80, 110(2a) agus 129 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna agus ag Airteagal 27(1)(1a) de Dhlí leasaithe na Cúirte Uachtaraí[58] ar stádas breithiúna agus le feidhmiú a ndualgas mar bhreithimh.[59] Dá bhrí sin, ní mór go mbeifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta arna nglacadh de bhun na bhforálacha sin de dhlí na Polainne maidir le breithiúna de chuid chúirteanna na Polainne faoi dhliteanas rialú a thabhairt ar chur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais, ag comhlacht a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.[60] Ós rud é go raibh dlínse ag an Dlísheomra Araíonachta na forálacha thuasluaite de dhlí na Polainne a chur i bhfeidhm, ní mór dó na ráthaíochtaí go léir is gá a thabhairt maidir lena neamhspleáchas, a neamhchlaontacht agus bunaíocht roimhe sin de réir dlí go seachnófaí an riosca go n-úsáidfí bearta a ghlacann sé dá bhun mar chóras rialaithe pholaitiúil ar chinntí breithiúnacha. Ag brath go forleathan ar na tosca a leag sí amach níos luaithe ina breithiúnas in *A.K.*,[61] ina breithiúnas maidir leis an g*Córas Araíonachta do bhreithiúna* chinn an Chúirt go diongbháilte, trí thagairt do na breithnithe a leagtar amach i míreanna 89 go 110 de, nár chomhlíon an Dlísheomra Araíonachta na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Bhraith an Chúirt, *inter alia*, ar an bhfíoras go raibh bunú an Dlísheomra Araíonachta *ex nihilo* le dlínse eisiach chun cásanna araíonachta áirithe a éisteacht agus a chinneadh i gcomhthráth le glacadh reachtaíochta náisiúnta a bhain an bonn de do-aistritheacht na mbreithiúna agus de neamhspleáchas bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Tugadh faoi deara sa bhreithiúnas, go bhfuil leibhéal an-ard neamhspleáchais eagraíochtúil, feidhmiúil agus airgeadais ag an Dlísheomra Araíonachta laistigh den Chúirt sin, i gcomparáid le Dlísheomraí den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Sháraigh luach saothair bhreithiúna an Dlísheomra Araíonachta luach saothair na mbreithiúna a sannadh do Dhlísheomraí eile an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) thart ar 40 % gan aon údar oibiachtúil le cóireáil fhabhrach den sórt sin a chur ar aghaidh.

67. Nuair a bunaíodh é, ceanglaíodh ar an Dlísheomra Araíonachta a bheith comhdhéanta go heisiach de bhreithiúna nua arna gceapadh ag Uachtarán na Poblachta ar thogra ó KRS.[62] Sula ndearnadh na ceapacháin sin, rinneadh athstruchtúrú cuimsitheach ar KRS.[63] De réir na Cúirte Breithiúnais, d'fhéadfaidh na hathruithe sin riosca a chruthú, in éagmais an nós imeachta

56 Breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, míreanna 210 go 213). Féach ceist 2(a) i gCás C-615/20.

57 Féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 I ndáil le húdarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint nó iad a chur faoi choinneáil shealadach, le dlí fostaíochta agus slándála sóisialta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus le scor éigeantach na mbreithiúna sin.

59 Féach freisin ordú an 14 Iúil 2021 (mír 81).

60 Féach, de réir analaí, an breithiúnas maidir leis an g*Córas araíonachta do bhreithiúna* (míreanna 80 agus 83).

61 Féach ceist 1(a) agus ceist 3(d) i gCás C-615/20.

62 Ar an gcaoi sin, cuireadh aon fhéidearthacht as áireamh go n-aistreofaí breithiúna ag suí cheana féin ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) chuig an Dlísheomra sin cé gur ceadaíodh aistrithe den sórt sin i bprionsabal.

63 Is é feidhmeannas nó reachtas na Polainne a cheap 23 as 25 chomhalta KRS ina chomhdhéanamh nua nó is comhaltaí de na comhaltaí sin iad. Roimhe seo, roghnaigh na breithiúna 15 chomhalta de KRS óna gcéim féin.

roghnúcháin mar a bhí sé i bhfeidhm roimhe sin, go mbeadh tionchar níos mó ag an reachtas agus ag an bhfeidhmeannas ar KRS agus go mbainfeadh siad an bonn de neamhspleáchas an chomhlachta sin. Thairis sin, bunaíodh KRS nuabhunaithe trí théarma oifige 4 bliana na gcomhaltaí a bhí ina chomhdhéanamh a laghdú. Chinn an Chúirt freisin go ndearnadh an t-athchóiriú reachtach ar KRS go comhuaineach le hachtú an Dlí nua maidir leis an gCúirt Uachtarach,[64] a rinne athchóiriú fadréimseach ar an dlínse sin.[65]

68. De réir na Cúirte Breithiúnais, bhí na tosca sin uile de chineál lena gcruthófaí amhras dlisteanach in aigne daoine aonair, maidir le neamh-thréscaoilteacht an Dlísheomra Araíonachta i leith tosca seachtracha, go háirithe tionchar díreach nó indíreach reachtas agus feidhmeannas na Polainne, agus maidir lena neodracht i leith leasanna iomaíocha os a chomhair. Ba dhócha go bhfágfadh na tosca sin nach measfaí an Dlísheomra Araíonachta a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don mhuinín nach mór don cheartas i sochaí dhaonlathach faoi réir an smachta reachta a chothú i gcomhlacht den sórt sin.[66]

69. Ní fhágann measúnú foriomlán ar an nós imeachta chun breithiúna an Dlísheomra Araíonachta a cheapadh agus ar na coinníollacha faoinar fheidhmigh sé go bhfuil amhras réasúnach ann maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí brú seachtrach ar a chomhaltaí.[67] Agus an méid seo á scríobh, tá amhras dlisteanach ann fós maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra Araíonachta a thuairiscítear air sa bhreithiúnas maidir leis an g*Córas Araíonachta do bhreithiúna* agus sa bhreithiúnas in *A.K.*. Ní hamháin go bhfuil an córas araíonachta do bhreithiúna sa Pholainn thíos leis ach freisin na rialacha lena n-údaraítear breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus laghdú éigeantach a dhéanamh ar a luach saothair.

70. Rinne an chúirt a rinne an tarchur cur síos freisin ar na naisc idir Aire Dlí agus Cirt na Polainne agus an t-ionchúisitheoir poiblí, Aire Dlí agus Cirt na Polainne, KRS agus KRS agus an Dlísheomra Araíonachta.[68] I ndáil leis sin, tá amhras uirthi i dtaobh an bhfeidhmíonn an Dlísheomra Araíonachta mar thríú páirtí i ndáil leis na páirtithe sna himeachtaí atá os a chomhair.[69]

71. Tá sé seanbhunaithe cheana féin go bhfuil dhá ghné ag baint le neamhspleáchas na gcúirteanna. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcúirt lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlacht eile agus gan orduithe nó treoracha a ghlacadh ó fhoinse ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag

64 An ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. de 2018, mír 5), sa leagan comhdhlúite a foilsíodh in Dziennik Ustaw Rzeczypospolitej Polskiej 2019 (mír 825).

65 Lena n-áirítear, go háirithe, cruthú dhá dhlísheomra nua laistigh den chúirt sin, arb é an Dlísheomra Araíonachta ceann acu, mar aon le sásra a thabhairt isteach chun aois scoir bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a ísliú agus a chur i bhfeidhm ar bhreithiúna na cúirte sin ina bhfuil siad in oifig. Chuaigh téarmaí oifige comhaltaí áirithe de KRS in éag roimh am agus tharla atheagrú an chomhlachta sin i gcomhthéacs ina rabhthas ag súil go n-éireodh go leor post folamh laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), go háirithe ina Dhlísheomra Araíonachta.

66 Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin gur laghdaigh forbairt den sórt sin cosaint luach an smachta reachta. Breithiúnas maidir leis an g*Córas araíonachta do bhreithiúna* (mír 112).

67 Féach mír 212 de mo Thuairim i gCás C-204/21, *an Coimisiúin* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*

68 Féach míreanna 28 agus 29 den Tuairim seo. Féach chomh maith ceist 3(e) i gCás C-615/20. Tugann an Chúirt dá haire, go bhfuil ról cinntitheach ag KRS i bpróiseas ceapacháin breithiúna an Dlísheomra Araíonachta agus go bhfuil a neamhspleáchas ó na húdaráis pholaitiúla amhrasach agus go gcruthaítear amhras dlisteanach mar sin a chruthú maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra sin. An breithiúnas maidir leis an g*Córas araíonachta do bhreithiúna* (míreanna 10 agus 108).

69 Féach ceist 3(f) de Chás C-615/20.

an méid sin ar a cinntí. Tá baint ag an dara ceann de na gnéithe sin, a dtuairiscítear uirthi mar ghné inmheánach le neamhchlaontacht. Féachann sé lena áirithiú go gcoinníonn cúirteanna an fad céanna idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach. Ní mór do chúirteanna a bheith oibiachtúil agus gan aon bhaint a bheith acu i dtoradh na n-imeachtaí os a gcomhair seachas an smacht reachta a chur i bhfeidhm go docht.[70]

72. Baineann amhras na cúirte a rinne an tarchur leis an dara gné maidir le céard atá i gceist le binse neamhspleách agus leis an dearcadh nach bhfuil an Dlísheomra Araíonachta neamhspleách ná neamhchlaonta nuair a dhéanann sí breithniú ar údaruithe chun breithiúna a ionchúiseamh agus iad a chur ar fionraí. Faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, cuireann na naisc institiúideacha dhíreacha agus indíreacha a thuairiscítear sa chúirt sin idir an tAire Dlí agus Cirt, an t-ionchúisitheoir poiblí,[71] KRS agus an Dlísheomra Araíonachta, mar a leagtar amach i míreanna 28 agus 29 den Tuairim seo,[72] leis an riosca suntasach atá ann cheana féin nach mbreathnófar ar an Dlísheomra Araíonachta mar bhreithneoir iomlán neodrach nuair a thabharfaidh sé rialú ar na hábhair sin. Is dócha go mbainfidh na naisc sin an bonn den mhuinín a chaithfidh ceartas i sochaí dhaonlathach arna rialú ag an smachta reachta a spreagadh.

73. Dá bhrí sin, molaim don Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil feidhm ag Airteagal 2 CAE agus ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, maidir le cásanna ina n-údaraíonn cúirt nó binse, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, *inter alia*, breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú dá bharr sin. Cuirtear cosc leis na forálacha sin de dhlí an Aontais ar rialacha náisiúnta lena dtugtar dlínse chun breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú dá bharr sin, chuig cúirt nó binse nach gcomhlíonann ceanglais maidir le neamhspleáchas, neamhchlaontacht nó bunaíocht roimhe sin de réir dlí.

*3. An dara ceist i gCás C-671/20*

74. Féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ar fhorálacha náisiúnta amhail Airteagal 42a(1) agus (2) agus mír 3 d'Airteagal 107(1) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna, a chuireann cosc ar dtús ar chúirteanna náisiúnta - agus iad ag fíorú an ionann iad agus binse arna bhunú roimhe sin de réir dlí - ó athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus ar éifeacht cheangailteach chinntí an Dlísheomra Araíonachta lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus ar an dara dul síos, déileáil le hathbhreithniú den sórt sin mar chion araíonachta. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin an gcuirtear cosc leis na forálacha sin de dhlí an Aontais ar chásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), a chuireann cosc ar athbhreithniú breithiúnach ar ghníomh ceapacháin breithiúna ag Uachtarán na Poblachta agus na gníomhartha a ghlacann KRS le linn an phróisis ceapacháin sin.

[70] An breithiúnas in A.K. (míreanna 120 go 122).

[71] Féach mír 28 den Tuairim seo. Féadfar analaí a tharraingt le breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)* (C-508/18, EU:C:2019:456, míreanna 73 go 90) maidir leis na naisc idir Aire Dlí agus Cirt na Gearmáine agus oifig an ionchúisitheora phoiblí maidir leis an riosca go dtabharfadh an chéad cheann acu treoracha don dara ceann i gcásanna sonracha.

[72] Mar aon leis na tosca eile a ndearna an Chúirt tagairt dóibh ina breithiúnas an 15 Iúil 2021.

75. Is atoradh ar an gceart chun binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin de réir go bhfuil an deis ag gach duine chun an ceart sin a agairt.[73] I gcás ina gconspóidtear binse neamhspleách neamhchlaonta a bheith ann ar fhoras nach dealraitheach láithreach nach bhfuil fiúntas soiléir ann,[74] tá sé d'oibleagáid ar gach cúirt[75] a fhíorú, trína chomhdhéanamh, an ionann é agus binse den sórt sin. Tá an dlínse sin riachtanach chun muinín a chothú nach mór do chúirteanna i sochaí dhaonlathach a spreagadh i ndaoine aonair faoi réir a rialuithe. Dá bhrí sin, is ceanglas nós imeachta riachtanach é sin a fhíorú, ar ceanglas é a bhaineann le beartas poiblí a chomhlíonadh agus ní mór í a fhíorú nuair a ardaíonn na páirtithe í nó go ndearna an chúirt scrúdú uaithi féin.[76] Is de chineál idirdhisciplíneach Airteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus na ceanglais a leagtar síos sa bhreithiúnas in *Simpson*. Tá feidhm acu nuair a bhféadfadh go mbeadh gá le dlínse chun rialú a thabhairt ar chásanna i 'réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais'.[77]

76. Measann Rialtas na Polainne nach féidir leis an mbreithiúnas in *A.K.* ná le haon chásdlí náisiúnta a léiríonn nach binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí é an Dlísheomra Araíonachta, gníomh ceapacháin breithiúna an Dlísheomra sin a thabhairt faoi cheist ag Uachtarán na Poblachta.

77. Níl téacs Airteagal 42a(1) agus (2) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna a leagtar amach ag mír 11 den Tuairim teoranta, ar a éadan, do chosc a chur ar chúirt dlínse a bheith aici chun gníomh ceapacháin breithimh ag Uachtarán na Poblachta a scriosadh, *erga omnes*. Ina ionad sin, cuirtear cosc láidir leis ar gach cúirt Pholannach, cibé uathu féin nó ar iarratas ó pháirtí, a ardú nó aghaidh a thabhairt air, in imthosca ar bith agus ar chúis ar bith, ar a gcumas cloí leis an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin de réir dlí nó ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar a chumas dualgais bhreithiúnacha a ghníomhú gan beann ar chineál na neamhdhleathachta a líomhnaítear, ar an ngníomh nó ar an nós imeachta a ndearnadh agóid ina leith nó ar an leigheas atá ar fáil. I mo thuairim, tá téacs fhorálacha an Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna chomh leathan sin le go gcuirtear cosc leo ar chúirt náisiúnta comhdhéanamh aon chúirte a scrúdú, de réir mar a éilítear le cásdlí na Cúirte.[78]

78. Dealraíonn sé go n-athneartaíonn téarmaí mhír 3 d'Airteagal 107(1) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna na toirmisc in Airteagal 42a(1) agus (2) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna. Is cosúil go gcuimsítear gach iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne aon ghné den nós imeachta chun breitheamh a cheapadh le mír 3 d'Airteagal 107(1) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna[79] lena n-áirítear, mar shampla, urraim a thabhairt don cheanglas go mbunófaí cúirt roimhe sin le dlí. Ós rud é go gcuirtear cosc le hAirteagal 42a(1) agus (2) agus mír 3 d'Airteagal 107(1) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna ar na cúirteanna sin a fhíorú an gcomhlíonann siad

73 An breithiúnas in *Simpson* (mír 55).

74 Breithiúnas an 1 Iúil 2008, *Chronopost* v *UFEX agus páirtithe eile* (C-341/06 P agus C-342/06 P, EU:C:2008:375, mír 46).

75 Féach ar an mbreithiúnas in *Simpson* (mír 57) agus breithiúnas an 24 Márta 2022, *Wagenknecht* v *an Coimisiún* (C-130/21 P, EU:C:2022:226, mír 15) i ndáil leis an gCúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta. Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 126 go 131), i ndáil le cúirteanna agus binsí na mBallstát.

76 An breithiúnas in *Simpson* (míreanna 55 agus 57) agus breithiúnas an 1 Iúil 2008, *Chronopost* v UFEX agus páirtithe eile (C-341/06 P agus C-342/06 P, EU:C:2008:375, mír 46).

77 Breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, míreanna 29, 36 agus 37).

78 An breithiúnas in *Simpson* (mír 55).

79 Féach breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí* – Caingne) (C-824/18, EU:C:2021:153, mír 128 et seq. agus an cásdlí dá dtagraítear. D'fhéadfaí a dhearbhú, mar shampla, gur cion araíonachta é scrúdú a dhéanamh ar ról KRS sa nós imeachta chun breitheamh a cheapadh.

Airteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt mar a léirmhínítear é sa bhreithiúnas in *Simpson*, cuirtear cosc le dlí an Aontais ar fhorálacha náisiúnta den sórt sin.

79. Maidir le cásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil),[80] cé go n-admhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais[81] nach n-eascraíonn fadhbanna *per se* maidir leis an gcúinse nach féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh faoi dhlí na Polainne ar chinntí Uachtarán na Poblachta, lena gceaptar breithiúna don Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach),[82] rialaigh sí go minic gur gá le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar thograí KRS chun breithiúna a cheapadh – lena n-áirítear, ar a laghad, scrúdú a dhéanamh an raibh feidhmiú cumhachta *ultra vires* nó feidhmiú míchuí cumhachta, earráid dlí nó earráid shoiléir fhollasach mheasúnaithe ann – i gcás ina n-eascraíonn in aigne daoine aonair, amhras de chineál córasach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a cheaptar faoin nós imeachta sin.[83] Thairis sin, i míreanna 104 go 107 den bhreithiúnas maidir le *Réimeas araíonachta do bhreithiúnas na mbreithiúna*, rinne an Chúirt Bhreithiúnais cur síos ar roinnt tosca, lena n-áirítear an ról tábhachtach a bhí ag KRS a bhain le ceapachán comhaltaí chuig an Dlísheomra Araíonachta, mar nithe is cúis le hamhrais réasúnacha in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an chomhlachta sin. Is léir ón gcásdlí sin[84] nach mór tograí KRS le haghaidh ceapacháin mar bhreithimh a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach, agus in éagmais sin, ní mheastar an Dlísheomra Araíonachta a bheith ina bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí agus nach gcomhlíonann sé na ceanglais, *inter alia*, den dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.[85] Cuireann an cásdlí sin ceangal ar gach cúirt Pholannach, lena n-áirítear an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). I mbreithiúnas *Grossmania*, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás ina gcinnfidh sí gur mhainnigh Ballstát a chuid oibleagáidí faoi na Conarthaí de bhun Airteagal 260(1) CFAE a chomhlíonadh, go gceanglaítear air na bearta is gá a dhéanamh chun an breithiúnas sin a chomhlíonadh, a bhfuil feidhm *res judicata* aige maidir leis na saincheisteanna fíorais agus dlí a shocraigh sé mar is gnáth nó de riachtanas. De bhua údarás bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais, ní mór do chúirt náisiúnta a dhéanann breithniú ar raon feidhme fhorálacha dhlí an Aontais na gnéithe den dlí a chinntear go húdarásach leis sin a chur san áireamh. I gcás ina mainníonn na húdaráis náisiúnta iomchuí breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme lena ndearbhaítear go bhfuil mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh ann, ceanglaítear ar chúirt náisiúnta gach beart a dhéanamh chun cur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais a éascú i gcomhréir le hinneachar an bhreithiúnais sin.[86]

[80] I mbreithiúnas an 4 Márta 2020 (Cás P 22/19), (Dz. U. de 2020, ítim 413), chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go bhfuil forálacha an dlí náisiúnta lena gceadaítear tairiscint breitheamh a eisiamh ó chás, mar gheall ar cheapachán lochtach Uachtarán na Poblachta ag gníomhú dó ar thogra ó KRS, ar neamhréir le hAirteagal 179 arna léamh in éineacht le hAirteagal 144(3)(17) de Bhunreacht na Poblachta.

[81] An breithiúnas in *A. K.* (mír 145).

[82] Mír 129 de bhreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí* – Caingne) (C-824/18, EU:C:2021:153), cinneann sé 'go bhféadfadh sé nach mbeadh sé ina fhadhb, i gcásanna áirithe, nach bhféadfaí leigheas breithiúnach a fheidhmiú i gcomhthéacs próiseas ceapacháin den sórt sin i bhfianaise na gceanglas a eascraíonn as dlí an Aontais, go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE'.

[83] Féach breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí* – Caingne) (C-824/18, EU:C:2021:153, míreanna 128 go 136 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[84] An breithiúnas in *A.K.*. Féach freisin breithiúnas an 2 Márta 2021, A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne) (C-824/18, EU:C:2021:153) agus an breithiúnas a bhaineann le *Córas araíonachta le haghaidh breithiúna*.

[85] Baineann an breithiúnas a bhaineann le *Córas araíonachta le haghaidh breithiúna* le dlínse an Dlísheomra Araíonachta chun rialú a thabhairt i gcásanna araíonachta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus na ngnáthchúirteanna. Mar a chuireann mír 69 den Tuairim seo agus mír 212 de mo Thuairim i gCás C-204/21, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* in iúl, tá feidhm ag an réasúnaíocht sa chásdlí sin freisin maidir le dlínse an Dlísheomra Araíonachta chun breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú.

[86] Breithiúnas an 10 Márta 2022, *Grossmania* (C-177/20, EU:C:2022:175, míreanna 35, 36, 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, tá an breithiúnas a thabharfaidh an Chúirt sna cásanna seo ina cheangal ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le léiriú dhlí an Aontais le haghaidh réiteach na díospóide os a comhair. Dá bhrí sin, más gá, ní mór don chúirt a rinne an tarchur neamhaird a thabhairt ar rialuithe an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) má mheasann sí, ag féachaint do bhreithiúnas na Cúirte, go bhfuil na rialuithe sin ar neamhréir le dlí an Aontais, agus, más gá, diúltú aon riail náisiúnta [87] a chur i bhfeidhm lena gceanglaítear uirthi cloí le cinntí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). [88]

81. Dá bhrí sin, molaim don Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, ar fhorálacha náisiúnta amhail Airteagal 42a(1) agus (2) agus mír 3 d'Airteagal 107(1) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna, a chuireann cosc ar dtús ar chúirteanna náisiúnta - agus iad ag fíorú an ionann iad agus binse arna bhunú roimhe sin de réir dlí - ó athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus ar éifeacht cheangailteach chinntí an Dlísheomra Araíonachta lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus ar an dara dul síos, déileáil le hathbhreithniú den sórt sin mar chion araíonachta.

*4. An ceathrú ceist i gCás C-615/20 agus an chéad, an tríú agus an ceathrú ceist i gCás C-671/20*

82. Leis an gceathrú ceist a chuireann an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-671/20 lena ndearbhaítear nach ráthaíonn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosaint bhreithiúnach éifeachtach gan mionsonraí leordhóthanacha a leagan amach, mar a cheanglaítear le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, an fáth a measann sí gurb é sin an cás. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas cabhrú leis an gcúirt a rinne an tarchur trí mheasúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), *inter alia*, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Molaim, dá réir sin, don Chúirt Bhreithiúnais, a mhéid a iarrann an ceathrú ceist i gCás C-671/20 uirthi an measúnú sin a dhéanamh, go bhfuil an cheist neamh-inghlactha.

83. Leis an gceathrú ceist uaithi i gCás C-615/20 agus an chéad agus an tríú ceist i gCás C-671/20, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach na hiarmhairtí a bhaineann le cinneadh nár chomhlíon an Dlísheomra Araíonachta, *inter alia*, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le haghaidh dhlínse an Dlísheomra sin chun breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú. Fiosraíonn an chúirt a rinne an tarchur go háirithe an gcuirtear cosc leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE mar aon le prionsabail thosaíocht dhlí an Aontais, an chomhair dhílis agus na deimhneachta dlíthiúla ar fhorálacha náisiúnta amhail Airteagal 41b(1) agus (3) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna, lena gceadaítear foirmiú na cúirte a athrú mar thoradh ar chinneadh ón Dlísheomra Araíonachta lena údaraítear breitheamh a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú. Iarrann sé freisin an gceanglaítear le hAirteagal 2 CAE, leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus le prionsabail thosaíocht dhlí an Aontais, an chomhair dhílis agus na deimhneachta dlíthiúla, ar gach comhlacht Stáit, lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur, neamhaird a thabhairt ar chinntí an Dlísheomra Araíonachta ionas go dtabharfaí cead do bhreitheamh, ar baineadh a

[87] Féach Airteagal 190(1) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne.

[88] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chuid cúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 73 go 75). Féach breithiúnais an 2 Márta 2021 freisin, *A.B. agus Eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153, mír 146) agus an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 250).

dhíolúine ó ionchúiseamh agus atá curtha ar fionraí, suí ar fhoirmiú na cúirte sin.[89] Ar deireadh, fiafraíonn sí an féidir le breitheamh a ceapadh in ionad an bhreithimh sa chúirt sin a cuireadh ar fionraí rialú a thabhairt ar cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais.[90]

84. Mínítear i bpointí 66 go 69 den Tuairim seo cén fáth, an tráth a ghlac sé an rún maidir leis an mBreitheamh I.T., nach raibh an Dlísheomra Araíonachta ina bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí agus, dá bhrí sin, nár chomhlíon sé an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt.[91] Tá sárú na bhforálacha sin thar a bheith tromchúiseach toisc nach bhfágann measúnú foriomlán ar an nós imeachta chun breithiúna an Dlísheomra Araíonachta a cheapadh agus ar na coinníollacha faoinar fheidhmigh sé go bhfuil amhras réasúnach ann maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí brú seachtrach ar bhreithiúna arna gceapadh chuige. I mo thuairimse, bhain an éiginnteacht sin an bonn de shláine an Dlísheomra sin agus de na gníomhartha uile a ghlac sé, lena n-áirítear an rún maidir leis an mBreitheamh I.T.

85. Le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ceanglaítear ar chomhlachtaí uile na mBallstát éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha an Aontais. Mar sin ní féidir le dlí na mBallstát an bonn a bhaint don éifeacht a thugtar do na forálacha sin ina gcríocha faoi seach. Tá sé d'oibleagáid ar chúirt náisiúnta a bhfuil cás faoina dlínse le héisteacht agus le cinneadh gan aon fhoráil den dlí náisiúnta atá contrártha le foráil de chuid dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici, amhail an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a chur i bhfeidhm.[92] Thairis sin, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE, ceanglaítear ar na Ballstáit na hiarmhairtí neamhdhleathacha a bhaineann le sárú ar dhlí an Aontais a neamhniú.[93] Agus prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais á chur i bhfeidhm, tá rún an Dlísheomra Araíonachta ar neamhní go hiomlán.[94]

86. Ní bheidh de thoradh ar dhíothú an Dlísheomra Araíonachta le Dlí an 9 Meitheamh 2022 go bhfuil a rúin ar neamhní go hiomlán. Mar ábhar dlí náisiúnta, tá fionraíocht an Bhreithimh I.T. agus laghdú a luach saothair fós i bhfeidhm. Chun an scéal sin a cheartú, ní mór dó tairiscint a thabhairt os comhair an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil nuabhunaithe chun agóid a dhéanamh i gcoinne rún an Dlísheomra Araíonachta. Tá sé de dhualgas ar Rialtas na Polainne[95] a áirithiú ní hamháin go bhfeidhmeoidh dlínse an Dlísheomra Araíonachta ag binse inniúil atá neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí ach freisin go gcuirfidh

[89] Féach ceisteanna 4(a) agus (b) i gCás C-615/20 agus ceist 3(a) de Chás C-671/20.

[90] Féach ceist 3(b) de Chás C-671/20. Measann YP nach féidir ach binse neamhspleách neamhchlaonta údarú a dheonú chun breitheamh a ionchúiseamh i ndiaidh scrúdú cothrom agus trédhearcach an cháis. Ós rud é nár chomhlíon an Dlísheomra Araíonachta aon cheann de na ceanglais sin, tá a rún ar neamhní go hiomlán. Measann Rialtas na Polainne go bhfuil fionraí an Bhreithimh I.T. bailí agus dá bhrí sin go sáródh a rannpháirtíocht sna himeachtaí coiriúla ceart na bpáirtithe chun binse neamhspleách arna bhunú roimhe sin le dlí.

[91] Gan beann ar chineál na dlínse a d'airbheartaigh sí a fheidhmiú.

[92] Ós rud é go dtugann cásdlí na Cúirte Breithiúnais atá ann freagra soiléir ar an gceist i dtaobh an gcomhlíonann an Dlísheomra Araíonachta an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – go háirithe ina breithiúnas a bhaineann le Córas araíonachta le haghaidh breithiúna – tá an chúirt náisiúnta faoi cheangal gach rud is gá a dhéanamh laistigh dá dlínse chun cur i bhfeidhm an léirithe sin a áirithiú. Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Márta 2022, *Grossmania* (C-177/20, EU:C:2022:175, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[93] Breithiúnas an 10 Márta 2022, *Grossmania* (C-177/20, EU:C:2022:175, mír 63).

[94] Féach de réir analaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 152 go 155)

[95] Mar aon le gach eintiteas is inchurtha i leith Phoblacht na Polainne, lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur.

éifeachtaí na rún arna nglacadh ag an seomra sin ar neamhní[96] gan mhoill.[97] Ní féidir cur i bhfeidhm láithreach agus éifeachtach dhlí an Aontais a bheith faoi réir ceanglas caingean a thabhairt isteach os comhair an Dlísheomra um Fhreagracht Ghairmiúil. Seachas sin, baintear an bonn d'éifeachtacht dhlí an Aontais ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, bheadh sé ag brath ar na páirtithe imeachtaí nua a thionscnamh. Ar an dara dul síos, d'fhanfadh rúin an Dlísheomra Araíonachta i bhfeidhm go dtí go mbeadh na himeachtaí sin réitithe.

87. Mar a léirítear i míreanna 62 agus 64 sa Tuairim seo, is cosúil nach bhfuil údarás *res judicata* mar ábhar dlí na Polainne ag rún an Dlísheomra Araíonachta. Dá bhrí sin, níl cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le húdarás *res judicata* infheidhme sa chás sin.[98] Ina theannta sin, is léir ón gcásdlí sin,[99] ós rud é gur glacadh rún an Dlísheomra Araíonachta ag comhlacht nach binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí é, nach bhfuil prionsabal na deimhneachta dlíthiúla nó críochnaitheacht líomhnaithe breithiúnais ina gconstaic ar an reachtas nó ar chúirt déileáil le hiarmhairtí neamhdhleathacha an tsáraithe sin ar dhlí an Aontais mar nithe ar neamhní.[100]

88. Dá bhrí sin, molaim nach mór do gach comhlacht Stáit, lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur – lena n-áirítear an Breitheamh I.T.[101] – chomh maith le comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí acu comhdhéanamh na gcúirteanna náisiúnta a ainmniú agus a mhodhnú,[102] neamhaird a thabhairt do rún an Dlísheomra Araíonachta agus cead a thabhairt don Bhreitheamh I.T. suí ar phainéal breithnithe na cúirte a rinne an tarchur.[103]

89. Tá na barúlacha sin faoi réir an choinníll thábhachtaigh nár athshannadh cás chuig foirmiú eile gur binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí é. Cé go mbainfeadh éifeachtacht dhlí an Aontais leas, gan amhras, as deireadh a chur le héifeachtaí neamhfhabhracha rún an Dlísheomra Araíonachta, lena n-áirítear neamhniú *ex nunc* na gcinntí maidir le cásanna a bhaineann leis an mBreitheamh I.T. a athshannadh go foirmiú eile, leis an gcur chuige sin — lena gceanglófaí go n-athosclófaí agus/nó go n-athéistfí gach cás a sannadh

96 Féach breithiúnas an 19 Samhain 1991, *Francovich and páirtithe eile* (C-6/90 agus C-9/90, EU:C:1991:428, mír 36).

97 Féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Márta 1978, *Simmenthal* (106/77, EU:C:1978:49, mír 23), a shonraíonn, *inter alia*, nach mbeadh sé ag luí leis na ceanglais sin de dhlí an Aontais go mbeadh aon fhoráil de dhlíchóras náisiúnta, nó aon chleachtas reachtaíochta, riaracháin nó breithiúnach náisiúnta ann, a d'fhéadfadh éifeachtacht dhlí an Aontais a laghdú trí bhac a chur ar an gcúirt nó ar an mbinse a bhfuil de chúram air nó uirthi an dlí sin a chur i bhfeidhm, tráth atá sé á chur i bhfeidhm aige nó aici, a chumas nó a cumas a ghníomhú chun a mhéid atá riachtanach chun na forálacha náisiúnta a d'fhéadfadh cosc a chur ar éifeacht iomlán de rialacha an Aontais atá infheidhme go díreach a chur i leataobh. Féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2010, *Melki agus Abdeli* (C-188/10 agus C-189/10, EU:C:2010:363, míreanna 43 agus 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

98 Féach breithiúnais an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines* (C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, míreanna 88 agus 89), agus an 17 Meán Fómhair 2020, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle* (C-732/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:727, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

99 Féach de réir analaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 160).

100 Ní fhágann sin nach bhféadfaidh breithiúna a bhí faoi réir imeachtaí os comhair an Dlísheomra Araíonachta de bhun, mar shampla, Airteagal 80 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna, a bheith faoi réir imeachtaí breise de bhun na forála sin os comhair binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí. Is faoi na húdaráis Stáit iomchuí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh (nó a ath-thionscnamh) i gcoinne na mbreithiúna atá i gceist i gcás inarb iomchuí.

101 Dá mbeadh sé dodhéanta foirmithe na cúirte a rinne an tarchur a bhunú a chuimsigh an Breitheamh I.T., ní bheadh na cúirteanna in ann a fhíorú an binsí neamhspleácha neamhchlaonta iad arna mbunú roimhe sin le dlí, rud a d'fhágfadh an breithiúnas in *Simpson* inoibrithe (míreanna 55 agus 57).

102 Uachtarán cúirte ach go háirithe. Féach Airteagal 41b(1) agus (3) den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna.

103 Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh breitheamh caingean a thionscnamh i leith damáistí. Dealraíonn sé go bhforáiltear le dlí na Polainne maidir le cúiteamh a thabhairt do bhreithiúna a cuireadh ar fionraí i gcásanna áirithe: féach Airteagal 129 den Dlí leasaithe maidir le hEagrúchán na nGnáthchúirteanna

don bhreitheamh sin roimhe sin — ní chuirfí san áireamh cearta dlíthithe chun deimhneachta dlíthiúla [104] agus chun trialach laistigh de thréimhse réasúnach ama i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt.

90. Dá bhrí sin, san iarraidh ar réamhrialú i gCás C-615/20, ba cheart go mbeadh an Breitheamh I.T. ag suí san fhoirmiú atá i mbun na bpríomhimeachtaí. Glacadh le rún ón Dlísheomra Araíonachta an 18 Samhain 2020 inar airbheartaíodh é a chur ar fionraí ar an dáta céanna leis an iarraidh ar réamhrialú i gCás C-615/20, ar dá thoradh a cuireadh na himeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur ar fionraí. Is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais, d'ainneoin fhionraí an Bhreithimh I.T., nár athshannadh na himeachtaí as ar tháinig Cás C-615/20. [105] Rinneadh an cás as ar tháinig an iarraidh i gCás C-671/20 a athshannadh chuig foirmiú breithiúna eile den chúirt a rinne an tarchur. Níl rud ar bith ann sa chomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais lena dtugtar le fios nach binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí é. Mar sin, is féidir leis na himeachtaí sin fanacht roimh an bhfoirmiú nua. [106]

91. Dá réir sin, molaim don Chúirt Bhreithiúnais go n-éilítear le hAirteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus prionsabail thosaíocht dhlí an Aontais, an chomhair dílis agus na deimhneachta dlíthiúla, ar gach comhlacht Stáit, lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur, go gcuirfí iarmhairtí neamhdhleathacha chinntí an Dlísheomra Araíonachta, amhail a rún an 18 Samhain 2020, ar neamhní agus ar an gcaoi sin cead a thabhairt do bhreitheamh a cuireadh ar fionraí suí ar an gcúirt sin ach amháin sna cásanna sin a athshannadh chuig foirmiú eile arb ionann é agus binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí.

## VI. Conclúid

92. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, molaim go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais freagra ar na ceisteanna a d'ardaigh an Sąd Okręgowy w Warszawie (an Chúirt Réigiúnach, Vársá, an Pholainn) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– beidh feidhm acu i gcásanna ina n-údaraíonn cúirt nó binse, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, *inter alia*, breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú dá réir sin. Cuirtear cosc leis na forálacha sin de dhlí an Aontais ar rialacha náisiúnta lena dtugtar dlínse chun breithiúna nó breithiúna faoi oiliúint a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí agus a luach saothair a laghdú dá bharr sin a údarú chuig cúirt nó binse nach gcomhlíonann ceanglais maidir le neamhspleáchas, neamhchlaontacht nó bunaíocht roimhe sin le dlí;

[104] Ós rud é go bhfuil go leor ama caite ó cuireadh an Breitheamh I.T. ar fionraí an 18 Samhain 2020, d'fhéadfadh sé gur tugadh rialú cheana féin ar go leor de na cásanna a sannadh dó ar dtús.

[105] Féach mír 4 de bharúlacha an Ionchúisitheora Phoiblí Réigiúnaigh.

[106] Tuigim go bhfuil an tréimhse ama ghearr idir rún ón Dlísheomra Araíonachta an 18 Samhain 2020 agus iarraidh ar réamhrialú i gCás C-671/20 an 9 Nollaig 2020 — agus dá bhrí sin fionraí na bpríomhimeachtaí — agus go bhféadfadh sé nach bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis na príomhimeachtaí sa chás sin idir an dá linn. Ní athraíonn an breithniú sin mo sheasamh. Maidir le héilimh brostaithe i gcásanna aonair, ní mór tosaíocht a bheith ag deimhneacht dhlíthiúil agus seasamh soiléir, teibí ar ábhair den sórt sin is infheidhme i ngach cás.

– cuirtear cosc leo ar fhorálacha náisiúnta lena gcuirtear cosc ar chúirteanna náisiúnta - agus iad ag fíorú ar an gcéad dul síos an ionann iad agus binse arna bhunú roimhe sin de réir dlí - ó athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht agus ar éifeacht cheangailteach chinntí an Izba Dyscyplinarna (an Dlísheomra Araíonachta) an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí, agus sa dara háit, déileáil le hathbhreithniú den sórt sin mar chion araíonachta.

Maidir le hAirteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus prionsabail thosaíochta dhlí an Aontais, an chomhair dhílis agus na deimhneachta dlíthiúla, cuirtear de cheangal leo ar gach comhlacht Stáit, lena n-áirítear an chúirt a rinne an tarchur, go gcuirfí iarmhairtí neamhdhleathacha chinntí an Dlísheomra Araíonachta lena n-údaraítear breithiúna a ionchúiseamh, a choinneáil agus a chur ar fionraí ar neamhní agus, ar an gcaoi sin, cead a thabhairt do bhreitheamh a cuireadh ar fionraí suí ar an gcúirt sin ach amháin sna cásanna sin a athshannadh chuig foirmiú breithiúna eile arb ionann é agus binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí.